



**STRAITÉIS 20 BLIAIN
DON GHAEILGE
2010 – 2030**

Rialtas na hÉireann

CLÁR

	<i>Lch.</i>
1. An Fhís.....	3
2. Comhthéacs Polasaí.....	4
3. Straitéis Chéimnithe.....	8
4. Cuspóirí Sonracha.....	9
5. Struchtúir Feidhmithe.....	10
6. Réimsí Gnímh:.....	11
6.1 Oideachas.....	11
6.2 An Ghaeltacht.....	19
6.3 An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh – Idirghabháil go Luath.....	21
6.4 Riarachán, Seirbhísí agus Pobal.....	23
6.5 Na Meáin agus an Teicneolaíocht.....	26
6.6 Foclóirí.....	28
6.7 Reachtaíocht agus Stádas.....	29
6.8 Saol Eacnamaíochta.....	29
6.9 Tionscnaimh Leathana.....	30

1. AN FHÍS

Ainneoin na gcéadta bliain de dhaoine a bheith ag athrú ó Ghaeilge go Béarla, tá an Ghaeilge fós beo mar theanga bheo phobail i roinnt áiteanna a d’fhan ina nGaeltacht agus tá cuid mhaith daoine lasmuigh den Ghaeltacht ag úsáid na Gaeilge ó lá go lá.

Tá bláthú tagtha ar litríocht agus ar chineálacha eile ealaíon trí mheán na Gaeilge le céad bliain anuas, sa chaoi is gur teanga iomlán nua-aimseartha Eorpach í an Ghaeilge anois.

Is é aidhm pholasaí an Rialtais i leith na Gaeilge ná úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú mar theanga phobail ar bhonn céimiúil. Is aidhm ar leith de chuid an Rialtais é a chinntiú go bhfuil an oiread saoránach agus is féidir dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla. Tá sé ina dhlúthchuid de pholasaí an Rialtais i leith na teanga go ndéanfaí cúram agus soláthar ar leith don teanga sa Ghaeltacht go háirithe i bhfianaise an taighde a léiríonn go bhfuil géarchéim ann maidir le hinmharthanacht na Gaeilge mar theanga phobail agus theaghlach sa Ghaeltacht.

Is é aidhm pholasaí an Rialtais chomh maith:

- cur le méid na dteaghlach ar fud na tíre a bhaineann úsáid as an nGaeilge mar theanga chumarsáide laethúil;
- tacaíocht theangeolaíoch a sholáthar don Ghaeltacht mar phobal labhartha Gaeilge a thugann aitheantas do shainriachtanais na gceantar sin ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga phobail agus theaghlach;
- a chinntiú chomh fada agus is féidir go mbeidh úsáid na Gaeilge nó an Bhéarla mar rogha ag an saoránach i ndioscúrsa poiblí agus i seirbhísí poiblí agus de réir a chéile go ndéanfaidh níos mó daoine ar fud an Stáit cinneadh a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge; agus
- a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge níos infheicthe sa tsochaí againn, mar theanga labhartha ag ár gcuid saoránach mar aon le bheith le feiceáil ar chomharthaí agus i litríocht.

Tá an Ghaeilge mar chuid de chultúr agus d’oidhreacht Thuaisceart Éireann agus tá cur chun cinn agus cosaint na teanga ann mar thosaíocht freisin ag an Rialtas.

Aithníonn an Rialtas an buntáiste mór freisin dá gcuid saoránach líofacht Béarla a bheith acu, an teanga is mó úsáide i ngnóthaí idirnáisiúnta. Geallann an Rialtas go gcinnteoidh siad go gcoinneofar an buntáiste seo trí shochaí dhátheangach a fhorbairt ina mbeidh an oiread daoine agus is féidir in ann Gaeilge agus Béarla a úsáid chomh héasca le chéile. Aithníonn an Rialtas chomh maith, áfach, na riachtanais ar leith atá ag an nGaeltacht mar cheantar sainiúil teanga agus sa chomhthéacs sin aithnítear nach i gcónaí a oireann polasaí dátheangach do cheantair Ghaeltachta.

Siúd agus gur príomhfhócas den Straitéis seo seasamh na Gaeilge sa chóras oideachais a neartú, tá an-tábhacht leis an nGaeilge mar theanga bheo a chur ar aghaidh laistigh den teaghlach agus idir na glúine. Is é an cur chuige foriomlán atá againn creat oibre tacúil a chruthú agus deiseanna a chruthú trína bhféadfar an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhealach nádúrtha laistigh de líonta tí agus de phobail. Tá tábhacht nach beag ag baint leis seo i gcomhthéacs na Gaeltachta.

Braitheann an méid atá i ndán don teanga ar dhaoine a roghnóidh go cinnte leas a bhaint as na deiseanna a chruthóidh an Straitéis seo. Sin é an dúshlán atá amach romhainn ar fad.

2. COMHTHÉACS POLASAÍ

Luaitear an méid seo a leanas in airteagal 8 de Bhunreacht na hÉireann:

“Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í.”

D'éascair an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* seo as an stádas atá ag an teanga sa Bhunreacht agus tógtar ar *Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge*¹ a foilsíodh i mí na Nollag 2006. Dhearbhaigh an *Ráiteas* tacaíocht an Rialtais d'fhorbairt agus do chaomhnú na Gaeilge agus na Gaeltachta agus leag sé amach 13 cuspóir ó thaobh polasaí maidir leis sin:

Cuspóir 1: Seasfar leis an stádas faoi leith atá ag an nGaeilge sa Bhunreacht agus i ndlíthe na tíre ar nós Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, an tAcht Oideachais 1998, an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus an tAcht Craolacháin 2001².

Cuspóir 2: Cuirfear Acht na dTeangacha Oifigiúla i bhfeidhm go hiomlán. Forbrófar cearta an phobail an Ghaeilge a úsáid agus iad ag plé leis an Stát agus le dreamanna eile agus déanfar socrúithe cuí chun é seo a chur i bhfeidhm.

Cuspóir 3: Tabharfar spreagadh agus tacaíocht do phobal na Gaeilge sa Ghaeltacht agus lasmuigh di, an Ghaeilge a thabhairt don chéad ghlúin eile mar theanga theaghlach. Chuige sin, cuirfear réimse leathan seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Cuspóir 4: Tabharfar tacaíocht ar leith don Ghaeltacht mar cheantar labhartha Gaeilge.

Cuspóir 5: Déanfar an Ghaeilge a theagasc mar ábhar riachtanach ó leibhéal na bunscoile go leibhéal na hArdteistiméireachta. Cuirfidh an curaclam ar chumas na ndaltaí an Ghaeilge a labhairt agus a scríobh go cruinn, chomh maith le tuiscint a thabhairt dóibh ar fhiúntas na teanga dúinn mar phobal. Chun na críche seo, déanfar infheistíocht fheabhsaithe i bhforbairt phroifisiúnta agus i dtacaíocht leanúnach do mhúinteoirí mar aon le i soláthar téacsleabhar agus acmhainní, agus i dtacaíocht do mhodhanna nuálacha teagaisc agus foghlama.

Cuspóir 6: Cuirfear oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do dhaltáí scoile arb é mian a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí é. Leanfar leis an tacaíocht do ghaelscoileanna ag leibhéal na bunscoile agus déanfar forbairt ar sholáthar lán-Ghaeilge ag leibhéal na hiarbhunscoile chun freastal ar éileamh de réir mar is gá.

Cuspóir 7: Leanfar leis an tacaíocht a thugtar don réamhscolaíocht Ghaeilge agus déanfar breis forbartha ar an gcóras oideachais tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge.

Cuspóir 8: Leanfar leis an tacaíocht a thugann an Stát d'Fhoras na Gaeilge de réir an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999.

Cuspóir 9: Déanfar cinnte de go bhfuil seirbhísí cuimsitheacha craolacháin ar ardchaighdeán ar fáil trí mheán na Gaeilge, go mór mhór trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar RTÉ, ar Raidió na Gaeltachta agus ar TG4.

Cuspóir 10: Tabharfar gach cúnaimh agus tacaíocht don Aontas Eorpach i bhfeidhmiú an chinnidh an Ghaeilge a bheith ina teanga oibre agus ina teanga oifigiúil san AE ón 1 Eanáir 2007.

Cuspóir 11: Leanfar le treisiú na hoibre atá ar bun ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus ag na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí a thagann faoina scáth chun an Ghaeilge a chur chun cinn go náisiúnta agus chun í a chaomhnú agus a threisiú sa Ghaeltacht.

Cuspóir 12: Leanfar agus déanfar forbairt ar úsáid na Gaeilge sa Gharda Síochána agus sna Fórsaí Cosanta.

Cuspóir 13: Aithníonn an Rialtas an ról fíorthábhachtach atá ag an earnáil dheonach Ghaeilge agus leanfar ag tabhairt tacaíochta di.

Is aidhm de chuid an Rialtais é freisin tacú le cur chun cinn agus le teagasc na Gaeilge thar lear, tríd an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. Tá béim faoi leith curtha ar thacaíocht a thabhairt do mhúineadh na Gaeilge i gcoláistí tríú leibhéal i roinnt tíortha éagsúla.

1. <http://www.pobail.ie/ie/AnGhaeilge/RaiteasileithnaGaeilge2006/>

2. Acht Craolacháin 2009 anois

Tríd is tríd mar sin is gnéithe de chomhthéacs nua-aimseartha na Gaeilge na nithe seo a leanas:

- Is Stát dátheangach í Éire inarb í an Ghaeilge an chéad teanga oifigiúil de réir airteagal 8 de Bhunreacht na hÉireann;
- Is í an Ghaeilge an teanga labhartha liteartha is ársa san Eoraip i gcomhthéacs ár n-oidhreacht Eorpaí;
- De réir Dhaonáireamh 2006, tá cumas áirithe ag 42% de dhaonra na hÉireann an Ghaeilge a labhairt - is ionann sin agus thart ar 1.66 milliún duine in aois na 3 bliana nó os a chionn as daonra cónaitheach iomlán de thart ar 4.2 milliún;
- Is í an Ghaeilge an phríomhtheanga phobail agus theaghlaigh de 3% de dhaonra na tíre;
- De réir suirbhéanna agus pobalbhreitheanna creideann an chuid is mó den daonra go mbaineann tábhacht faoi leith leis an nGaeilge óna dtaobh féin go pearsanta agus/nó don tír tríd is tríd; agus
- Tugadh stádas teanga oifigiúil agus teanga oibre ag leibhéal an AE don Ghaeilge le héifeacht ón 1 Eanáir 2007.

Sa Straitéis seo, déantar iarracht cur leis an gcomhthéacs agus leis na haidhmeanna thuasluaite trí shraith réimsí a ngníomhófaí ina leith a leagan amach le leas a dhéanamh don teanga agus don Ghaeltacht as seo go ceann 20 bliain. Creideann an Rialtas go mbaineann tábhacht faoi leith leis an nGaeilge do mhuintir, do shochaí agus do chultúr na hÉireann. Mar theanga labhartha phobail, is leis an tír seo amháin a bhaineann an Ghaeilge agus mar sin tá fiorthábhacht léi ó thaobh fhéiniúlacht mhuintir na hÉireann agus ó thaobh oidhreacht dhomhanda. Sa chomhthéacs seo, tá tábhacht ar leith ag baint le caomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht ar mhaithe le hoidhreacht, cultúr agus saíocht na teanga a chaomhnú agus a chosaint sna háiteanna sin ina bhfuil sí fós mar theanga phobail agus theaghlaigh. Aithnítear chomh maith go gcuireann stádas na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht le cuspóir na Straitéise úsáid na Gaeilge a leathnú ar bhonn náisiúnta.

Mar bhonn-taca leis an Straitéis tá anailís³ ar an gcaoi a bhfuil an Ghaeilge, anailís a rinne meitheal de chomhairleoirí idirnáisiúnta, a bhfuil saineolas acu ó thaobh ceisteanna teanga, faoi stiúir Fiontar in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, thar ceann an Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. Ó thaobh na Gaeltachta de, tá aird á tabhairt sa Straitéis ar na moltaí a rinneadh sa *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*⁴, a rinne Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh thar ceann an Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta.

Tugtar aird sa Straitéis freisin ar staidéar a rinne an tAthair Micheál Mac Gréil agus Fergal Rhatigan de chuid na Roinne Socheolaíochta in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad ar *Attitudes towards Competence in and Use of the Irish Language 2007-2008*. Léirítear sa staidéar gur fhan dearthaí dearfacha agus dea-thoil i ndáil leis an nGaeilge ag leibhéal an-ard ó rinne an t-údar staidéir roimhe sin sa bhliain 1973 (*Prejudice and Tolerance In Ireland*) agus sa bhliain 1996 (*Prejudice in Ireland Revisited*). Léiríonn na torthaí tacaíocht ollmhór do chaomhnú na Gaeilge: tá 52.5% ag iarraidh go gcaomhnófaí an Ghaeilge sa Ghaeltacht agus go ndéanfaí í a athbheochan lena húsáid sna healaíona agus sa chultúr lasmuigh den Ghaeltacht, agus tá 40.9% ag iarraidh go ndéanfaí an teanga a athbheochan chun críocha poiblí ar fud an Stáit.

Léargais Idirnáisiúnta

Aithnítear go hidirnáisiúnta an fiúntas a bhaineann le héagsúlacht theangeolaíoch. Is iad teangacha na príomhuirlisí atá ag an duine le hidirghníomhú a dhéanamh agus le smaointe, mothúcháin, eolas, cuimhní agus luachanna a chur in iúl. Déanann teangacha nathanna cainte cultúrtha agus oidhreacht theibí cultúrtha a thabhairt leo freisin, ar nithe iad is croí d'fhéiniúlacht an duine aonair agus d'fhéiniúlacht grúpaí. Tá ról tábhachtach teangacha ó thaobh léiriú agus tarchur oidhreacht cultúir aitheanta sa 2003 *UN Convention for the Safeguarding of the Intangible Cultural Heritage*⁵.


3. <http://www.pobail.ie/ie/AnGhaeilge/>

4. <http://www.pobail.ie/ie/AnGhaeltacht/AnStaidéarTeangeolaíoch/>

5. <http://www.unesco.org/culture/ich/index.php?lg=en&pg=00006>

Caithfear, mar sin, teangacha cosúil leis an nGaeilge a chosaint chun éagsúlacht cultúr a choinneáil ar fud an domhain. Tuairiscíonn UNESCO⁶ go bhfuil leath de na 6,700 teanga a labhraítear faoi láthair i gcontúirt dul i léig roimh dheireadh an chéid, próiseas nach féidir a mhoilliú ach le gníomh práinne ó Rialtais agus ó na pobail a labhraíonn na teangacha. Cothaíonn an *Endangered Languages Programme* de chuid UNESCO comhoibriú ar bhonn idirnáisiúnta le haird a tharraingt ar an staid thromchúiseach sin agus le réiteach nuálach a mholann pobail, saineolaithe agus údaráis a chur chun cinn. Chuir an t-eagrán is déanaí den *Atlas of the World's Languages in Danger*⁷ (UNESCO) síos ar an nGaeilge mar theanga atá “definitely endangered”. Tá an stádas sin athraithe ó shin agus feabhsaithe go dtí an stádas “vulnerable”, i gcomhthéacs eolais faoi bhearta atá glactha ag an Rialtas le tacú leis an teanga le blianta beaga anuas.

D’aithin an 2003 *UN Convention for the Safeguarding of the Intangible Cultural Heritage*⁸ an ról fiorthábhachtach atá ag teanga ó thaobh oidhreacht bheo a chur in iúl agus a chur chun cinn. Braitheann oidhreacht cultúir theibí ar theanga ó thaobh a beochta laethúla agus lena cur ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile. I gcás traidisiúin bhéil, lena n-áirítear amhráin, filíocht agus béaloideas, ní amháin gurb í an teanga a úsáidtear chun an oidhreacht chultúir a tharchur ach is í an teanga croilár na hoidhreachta sin. Chomh maith le hanailís a dhéanamh ar staid teangacha atá faoi bhrú ar fud an domhain, tá forbairt déanta ag UNESCO ar chreat oibre le beocht teanga a thomhas le cuidiú le Rialtais agus le dreamanna eile ó thaobh polasaí a fhorbairt, riachtanais agus bearta cosanta cuí a aithint. Tugadh aird ar an gcreat⁹ sin atá bunaithe ar na naoi gcritéar seo a leanas agus an Straitéis seo á forbairt:



6. <http://www.unesco.org/culture/ich/index.php?pg=00136>

7. <http://www.unesco.org/culture/ich/index.php?pg=00136>

8. http://portal.unesco.org/en/ev.php-URL_ID=17716&URL_DO=DO_TOPIC&URL_SECTION=201.html

9. <http://www.unesco.org/culture/ich/index.php?lg=en&pg=00142>

Tá Straitéis an Rialtais mar atá leagtha amach sa cháipéis seo bunaithe orthu seo a leanas:

- cur le heolas ar an nGaeilge;
- deiseanna a chruthú le Gaeilge a úsáid; agus
- dearcthaí dearfacha i leith úsáid na Gaeilge a chothú.

Tá a fhios againn ó staid na Gaeilge nach ionann cumas a bheith ag duine sa teanga agus í a úsáid. Leanann *úsáid* iarbhir teanga as *cumas*, *deis* agus *dearcthaí dearfacha* a bheith in éineacht lena chéile. Tá an Straitéis seo mar sin ag iarraidh cúinsí dearfacha a chruthú le go mbainfidh daoine níos mó úsáide as an gcumas teanga atá acu agus go gcuirfear leis an gcumas sin go fírinneach le himeacht ama.

Léiríonn an Straitéis seo tacaíocht an Rialtais d'fhorbairt agus do chaomhnú na Gaeilge trí thiomantas fadtéarmach a thabhairt do chur chuige comhleanúnach agus cuimsitheach i ndáil le todhchaí na teanga, ar teanga bheo í a labhraíonn daoine agus a bhfuil stádas daingean aici sa chóras oideachais, ag na leibhéil is airde den chóras polaitíochta, i riarachán poiblí agus sa Ghaeltacht.

Mar a dúradh cheana, is cuid d'oidhreacht agus de chultúr Thuaisceart Éireann í an Ghaeilge agus is tosaíocht don Rialtas cosaint agus cur chun cinn na teanga ansin.

I gcomhthéacs thiomantas leanúnach an Rialtais ó thaobh Chomhaontú Aoine an Chéasta a fheidhmiú go hiomlán, leanfaidh sé ag tacú le Foras na Gaeilge, comhlacht forfheidhmithe Thuaidh/Theas a bhfuil dualgas air an teanga a chur chun cinn ar bhonn uile-oileáin, agus lena oibriú éifeachtach leanúnach a chinntiú. Beidh dea-thionchar ag Straitéis an Rialtais ar lucht labhartha na Gaeilge i dTuaisceart Éireann. Leanfaidh an Rialtas ag obair freisin le go gcuirfear i bhfeidhm go hiomlán tiomantais ó thaobh na Gaeilge a bhaineann le Rialtas na Breataine agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann, lena n-áirítear Acht Teanga don Ghaeilge a thabhairt isteach chomh maith le feabhsú, cosaint agus forbairt na Gaeilge i dTuaisceart Éireann.

3. STRAITÉIS CHÉIMNITHE

Mar a luadh thuas, d'aithin *Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006* príomhchuspóirí an pholasáí trína dtabharfar tacaíocht don Ghaeilge agus don Ghaeltacht. Tá na réimsí a leagtar amach thíos ceangailte le chéile agus grúpáilte de réir na gcuspóirí sin agus tabharfar aghaidh orthu go céimneach, mar seo a leanas:

Céim an Bhunaithe

Díreofar sa bhliain seo ar dhaoine a chur ar an eolas faoi na spriocanna agus faoi ábhar na Straitéise agus na struchtúir eagraíochtúla agus oibríochtúla a chaithfear a bhunú. Chomh maith leis sin, déanfar na hacmhainní foriomlána a theastóidh a leithroinnt agus comhaontófar agus bunófar na nósanna imeachta monatóireachta, measúnaithe agus modhnaithe. Iarrfar pleananna oibríochtúla ó na gníomhaireachtaí poiblí forfheidhmiúcháin ar fad agus gheofar iad. Bunófar príomhbhearta tosaíochta.

Céim Feidhmithe I – Na Bunsraitheanna a Leagan Síos

Le linn bhlianta tosaigh na Straitéise, bunófar bearta fadtéarmacha le go mbeidh an soláthar de mhúinteoirí cáilithe agus de shaineolaithe eile ar fáil, nó go mbeidh na córais oiliúna cuí i ndáil leis sin bunaithe go luath sa Straitéis. Chomh maith leis sin, déanfar cuid mhaith de na bearta a fheidhmiú go hiomlán nó a thosú ag an gcéim seo lena n-áirítear ábhair d'oideachas agus litearthacht teanga a ullmhú.

Céim Feidhmithe II – Leathnú agus Doimhniú

Tá trí fho-chéim ag baint leis an gcéim seo ach tríd is tríd is éard atá i gceist: lánfheidhmiú na mbearta ábhartha ar fad; tabhairt faoi mheasúnuithe ar bhonn atrátha; agus feachtais a réachtáil do chur chun cinn agus do chothú dearcadh dearfach ó thaobh na teanga de. Cuirfear na chéad chéimithe ó na cláir athbhreithnithe d'oiliúint múinteoirí ar fáil agus fostófar iad i scoileanna agus in institiúidí oideachais eile.

Le linn na céime seo, déanfaidh Éire ceiliúradh ar chothrom 100 bliain d'Éirí Amach na Cásca agus ar ár neamhspleáchas agus déanfar nasc idir na hócáidí sin agus an Straitéis seo. Léireofar an méid a bheidh bainte amach, déanfar athbhreithniú mór ar na torthaí agus cothófar rannpháirtíocht agus tacaíocht an phobail thart ar spriocanna, spiorad agus fíis na Straitéise.

Céim Feidhmithe III: Comhdhlúthú

Beidh an chéim chomhdhlúite dírithe ar na bearta ar fad a phríomhshruthú. Cuirfidh sé leis an gcumas níos fearr a bheidh ag daoine Gaeilge a labhairt, leis na deiseanna breise a bheidh ann chun í a úsáid agus le spreagadh gníomhach dearcthaí dearfacha i ndáil leis an nGaeilge a baineadh amach sna céimeanna roimhe seo.

Beidh soláthar na n-acmhainní agus na tacaíochta cuí fíorthábhachtach ó thaobh fheidhmiú na Straitéise. Is í an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta a dhéanfaidh maoirsiú ar an soláthar sin agus déanfar feidhmeanna a leithroinnt ar ghníomhaireacht (nó ar ghníomhaireachtaí) atá ann cheana nó déanfar iad a fhoinsiú san earnáil phríobháideach de réir mar is cuí.

Cuirfear comhshocruithe i bhfeidhm chun:

- monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí pleanála teanga praiticiúla ó shochaithe eile, tacú leo agus iad a oiriúnú;
- ábhair a éascóidh úsáid na Gaeilge a thionscnamh, suirbhé a dhéanamh orthu agus iad a athbhreithniú;
- bunachar sonraí láir d'ábhair, do theimpléid agus d'fheidhmiúcháin TF i nGaeilge a óstáil;
- teoracha agus ábhair a chuideoidh le daoine aonair agus le heagraíochtaí aonair an Ghaeilge a chur chun cinn a ullmhú;
- cabhair-líne poiblí náisiúnta a chur ar fáil;
- ionad eolais náisiúnta agus áit imréitigh do sheirbhísí aistriúcháin agus do sheirbhísí teangabhunaithe eile a chur ar fáil;
- bunachar sonraí náisiúnta de ghníomhaíochtaí dea-chleachtais i bpleanáil teanga a chothabháil;
- cuidiú le tacaíochtaí a fhorbairt do thionscnaimh áitiúla agus leis an gcumas tionscnaimh den sórt sin a fhorbairt agus a bhainistiú; agus
- forbairt córas bainistíochta teanga a chur chun cinn i gcomhthéacsanna éagsúla.

Braitheann go leor de na tosaíochtaí sa Straitéis seo ar na tacaíochtaí agus na hacmhainní sin a bheith ar fáil agus is tosaíocht ard mar sin iad a eagrú chomh luath agus is féidir.

4. CUSPÓIRÍ SONRACHA NA STRAITÉISE

Mar thoradh ar *Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006*, leagadh amach mar mhórspríoc na nithe seo a leanas a mhéadú sna 20 bliain amach romhainn:

- an líon daoine a mbeidh eolas acu ar an nGaeilge ón 1.66 milliún atá ann faoi láthair go 2 mhilliún; agus
- an líon daoine a úsáideann an Ghaeilge gach lá ón leibhéal atá ann faoi láthair de thart ar 83,000 go 250,000.

Ba é comhlíonadh na spriocanna uailmhianacha sin an chloch ba mhó ar an bpaidrín agus cinneadh á dhéanamh ar na réimsí ina ngníomhófaí sa Straitéis seo.

Ba iad na haidhmeanna sonracha agus an Straitéis seo á hullmhú:

- an líon daoine a labhraíonn Gaeilge gach lá lasmuigh den chóras oideachais a ardú ó 83,000 go 250,000;
- an líon daoine a labhraíonn Gaeilge sa Ghaeltacht gach lá a ardú faoi 25% tríd is tríd, mar beidh borradh a chur faoin nGaeltacht fíorthábhachtach don Straitéis fhoriomlán. Táthar ag súil leis go mbeidh spriocanna sonracha do cheantair Ghaeltachta ar leith leagtha amach sna pleananna teanga áitiúla atá molta; agus
- an líon daoine a úsáideann seirbhísí Stáit trí Ghaeilge agus atá in ann teilifís, raidió agus na meáin chlóite a rochtain tríd an teanga a ardú.

5. STRUCHTÚIR FEIDHMITHE

Déanfar an Straitéis 20 Bliain a lánpháirtíú le gnáth-oibríochtaí ghníomhaireachtaí an Stáit faoi stiúir threoir agus cheannaireacht láidir ón Rialtas. Tá ról ag gach rannóg den riarachán poiblí agus ag príomhghéallsealbhóirí náisiúnta agus áitiúla ó thaobh an fheidhmithe. Is gá “normalú na teanga” chun úsáid na Gaeilge a leathnú. Tá an téarma seo bunaithe ar an gcleachtadh atá faighte ag teangacha eile a bhfuil a róil imithe in éag. Is é an bealach agus an t-aon bhealach, a mbainfidh an Ghaeilge áit shóisialta níos sláine amach ná trí fheasacht ghníomhach agus trí dhearcthaí dearfacha a bheidh ag iarraidh an chaoi a bhfuil sí á himeallú a athrú thart, chomh maith le níos mó úsáide go neafaiseach a bheith á baint as an teanga do ghnáthchríocha agus do chríocha príomhshrutha cumarsáide. Éilíonn an tasc sin go gcomhoibreoidh na gníomhaireachtaí cuí ar fad agus iad ag iarraidh spríocanna agus cláir na Straitéise a bhaint amach agus go mbeidh struchtúr bainistíochta comhleanúnach agus éifeachtach i bhfeidhm don Straitéis. Baineann tábhacht ar leith le scoileanna toisc an tionchar a bhíonn acu ar fheasacht ar an teanga agus ar iompraíocht teanga, agus mar sin ní mór díriú freisin ar shaineolas agus scileanna a fhorbairt i measc an lucht teagaisc chun luach agus tábhacht chultúrtha na Gaeilge a léiriú do mhuintir na hÉireann.

Seo a leanas na príomhstruchtúir a bheidh ag an Rialtas chun an Straitéis a sheachadadh:

- Déanfaidh an Coiste Rialtais ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht, a mbeidh an Taoiseach ina chathaoirleach air, maoirseacht ar an dul chun cinn agus tabharfaidh sé tuairisc don Rialtas mar is gá.
- Tacóidh Grúpa Oifigeach Sinsearach a bheidh comhdhéanta d'oifigigh ardleibhéil ó Ranna cuí leis an gCoiste Rialtais.
- Beidh Aire sinsearach agus Roinn Rialtais (an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta) ar a mbeidh lárfhreagracht maidir le cúrsaí Gaeilge fós ann.

Déanfar pleanáil agus feidhmiú na Straitéise a threorú ó Aonad Straitéise laistigh den Roinn sin. Beidh foireann thiomanta ann agus sannfar dualgais agus róil feidhmithe do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe mar is gá.

Beidh an tAonad Straitéise freagrach as:

- maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas pleanála straitéise;
- monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt acmhainní;

- a chinntiú go ndéantar feidhmiú tras-rannach ar thionscnaimh;
- sainchomhairle a sholáthar;
- maoirseacht a dhéanamh ar phleananna oibríochta mar a bheidh forbartha ag na comhlachtaí forfheidhmithe; agus
- tuairiscí cothrom le dáta agus cáipéisíocht chuí a fhoilsiú mar eolas don phobal.

Féadfar líon beag d'fhoireann ar iasacht a mbeidh saineolas acu i mbainistiú riaracháin phoiblí, i bpleanáil teanga agus in oideachas a shannadh don Aonad le tascanna ar leith a dhéanamh más gá. Féadfaidh an tAonad measúnuithe, nuair is gá, nó seirbhísí sonracha, a choimisiúnú ó ghníomhaireachtaí atá ann nó ón earnáil phríobháideach. Déanfar pleananna agus tiomantais earnálacha a sheachadadh trí na Ranna agus na gníomhaireachtaí cuí.

Maidir leis an bpríomhghníomhaireacht forfheidhmithe a bheidh freagrach as an Straitéis a sheachadadh, moltar Údarás Gaeilge agus Gaeltachta a bhunú (Údarás na Gaeilge agus na Gaeltachta) a ghníomhóidh ar bhonn náisiúnta agus a chomhlíonfaidh feidhmeanna ábhartha a dhéanann Údarás na Gaeltachta agus eagraíochtaí Stáit agus neamhrialtasacha eile i láthair na huaire, de réir mar is cuí. Siúd is go leanfaidh feidhmiú pholasaí agus phleananna áirithe Gaeltachta mar fhreagracht ar an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, féadfaidh sí áfach feidhmeanna a tharmligean mar is cuí chuig Údarás na Gaeilge agus na Gaeltachta. Leagfar síos ról sonracha agus feidhmeanna sonracha an Údaráis mholta nua i ndrúcht-reachtaíocht a fhoilseofar sa bhliain 2011.

Leanfaidh Foras na Gaeilge ag seachadadh a fhreagrachtaí reachtúla maidir leis an nGaeilge. Áireofar orthu sin tabhairt faoi thionscadail thacúla agus deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí le tacú leis an teanga mar is cuí, forbairt a dhéanamh ar théarmaíocht agus ar fhoclóirí, tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le teagasc na Gaeilge ar an oileán agus úsáid na teanga sa saol poiblí agus príobháideach a spreagadh agus a éascú tríd is tríd. Agus é ag comhlíonadh a dhualgais go hiomlán, fanfaidh Foras na Gaeilge mar phríomhghné den struchtúr tacaíochta don teanga sa dá chuid den oileán.

6. RÉIMSÍ GNÍMH

Leagtar Réimsí Gnímh, faoi na naoi bpríomhchearnteideal seo a leanas, amach sa Straitéis:

- Oideachas
- An Ghaeltacht
- An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh - Idirghabháil go Luath
- Riarachán, Seirbhísí agus Pobal
- Na Meáin agus an Teicneolaíocht
- Foclóirí
- Reachtaíocht agus Stádas
- Saol Eacnamaíochta
- Tionscnaimh Leathana

6.1 RÉIMSÍ GNÍMH – OIDEACHAS

Léirítear na nithe seo a leanas i dtuarascálacha a foilsíodh le gairid faoin nGaeilge sna scoileanna:

- Mheas na cigirí nach raibh Gaeilge á múineadh go caighdeán ard nó caighdeán an-ard ach i leath de na ranganna bunscoile ar a ndearnadh cigireacht agus go raibh Gaeilge á múineadh trí mheán an Bhéarla sa tríú cuid de na seomraí ranga. Ní raibh ach beagán os cionn leath de na daltaí sna ceachtanna ábalta iad féin a chur in iúl go sásúil i nGaeilge;
- Léirigh tuarascáil Harris (Iúil 2007) go raibh titim de 36.1% agus 40.5% i mbunscoileanna a bhfuil an Béarla mar mheán iontu agus i mbunscoileanna Gaeltachta faoi seach ar an líon daltaí a raibh máistreacht acu ar fhorbairt scileanna éisteachta, scileanna foclóra agus tuisceana idir 1985 agus 2002. Siúd is gur éirigh le beagán os cionn leath na ndaltaí líofacht a bhaint amach i dtuairisciú agus i gcumarsáid béil in 1985 i scoileanna a bhfuil an Béarla mar mheán iontu, ba lú ná an tríú cuid a bhain an líofacht sin amach in 2002. Aimsíodh sa staidéar freisin gur tháinig meath mór ar mhúinteoirí; dúirt beagnach 25% de na múinteoirí i scoileanna a bhfuil an Béarla mar mheán iontu go raibh a gcaighdeán Gaeilge féin lag;
- Tuairiscítear ag an leibhéal iarbhunscoile go raibh cumas cainte daltaí teoranta sa tríú cuid

de na scoileanna sa tsraith shóisearach.

Cuireadh bearta i gcrích idir an dá linn leis na marcanna a bhronntar de bharr an scrúdú cainte deonach sa Teastas Sóisearach agus an scrúdú cainte náisiúnta san Ardteistiméireacht a ardú go 40% do na hiontrálaithe nua ar fad a thosaigh scolaíocht dara leibhéal in 2007/8.

Siúd is go léiríonn na fíricí sin atá luaite roimhe seo chomh mór is atá an dúshlán atá romhainn, tá na bearta atá molta i réimse an oideachais leagtha amach leis na príonsabail atá taobh thiar den Straitéis a bhaint amach:

- an cumas i nGaeilge a leathnú agus cur leis ar bhealach níos doimhne agus sin a dhéanamh i measc líon níos mó daoine;
- dearthaí diúltacha i leith úsáid na Gaeilge a athrú ar ais agus dearthaí dearfacha a chothú ina n-áit; agus
- na deiseanna atá laistigh den chóras oideachais d'úsáid na Gaeilge a leathnú tríd an nGaeilge a bheith ina meán teagaisc chomh maith le bheith ina hábhar, agus trí fhoghlaim na teanga ar scoil a cheangal le húsáid neamhfhoirmiúil na teanga i ngníomhaíochtaí áineasa agus cultúir agus i ngníomhaíochtaí eile lasmuigh den scoil.

Tá trí chuspóir a bhaineann leis an oideachas i *Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006*:

Cuspóir 5: *Déanfar an Ghaeilge a theagasc mar ábhar riachtanach ó leibhéal na bunscoile go leibhéal na hArdteistiméireachta. Cuirfidh an curaclam ar chumas na ndaltaí an Ghaeilge a labhairt agus a scríobh go cruinn, chomh maith le tuisint a thabhairt dóibh ar fhiúntas na teanga dúinn mar phobal. Chun na críche seo, déanfar infheistíocht fheabhsaithe i bhforbairt phroifisiúnta agus i dtacaíocht leanúnach do mhúinteoirí mar aon le i soláthar téacsleabhar agus acmhainní, agus i dtacaíocht do mhodhanna nuálacha teagaisc agus foghlama.*

Cuspóir 6: *Cuirfear oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do dhaltaí scoile arb é mian a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí é. Leanfar leis an tacaíocht do Ghaelscoileanna ag leibhéal na bunscoile agus déanfar forbairt ar sholáthar lán-Ghaeilge ag leibhéal na hiarbhunscoile chun freastal ar éileamh de réir mar is gá.*

Cuspóir 7: *Leanfar leis an tacaíocht a thugtar don réamhscolaíocht Ghaeilge agus déanfar breis forbartha ar an gcóras oideachais tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge.*

Naisc le húsáid na teanga lasmuigh den scoil

Tá an córas oideachais ar cheann de na príomh-mhodhanna chun an cumas teanga a bhfuil an Straitéis 20 Bliain bunaithe air a chothú. Sa scolaíocht fhoirmiúil, tá an Stát ábalta cuidiú go gníomhach le cumas teanga ár ndaoine a fhorbairt. Is sprioc lárnach é mar sin go n-éireodh leis na húdaráis oideachais fócas náisiúnta níos córasaí agus níos dlúithe a bhaint amach ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge.

Is é an tátal a bhaintear as iarrachtaí athneartaithe teangacha ar fud an domhain go bhfuil sé thar a bheith riachtanach beocht a chur sa Ghaeilge lasmuigh den seomra ranga i gcás na ndaoine óga atá á foghlaim sa chóras oideachais foirmiúil. Má táthar le cultúr agus féiniúlacht don óige agus a gcineálacha cuí Gaeilge a chothú, caithfear deiseanna a chur ar fáil le go n-úsáidfear an teanga go nádúrtha agus go gcruthófar gréasáin chainteoirí theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide. Oibreoidh an earnáil oideachais i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí cuí maidir leis sin.

Leanfaidh an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ag cur le forbairt chóras na gcoláistí samhraidh Gaeilge sa Ghaeltacht. Leagfar béim faoi leith ar chúnamh a thabhairt do na coláistí agus do na teaghlaigh a chuireann cóiríocht ar fáil do na foghlaimeoirí teanga le cothabháil a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar chaighdeán na seirbhísí a sholáthraíonn siad agus le cur leo. I gcomhpháirt le CONCOS - scátheagraíocht na gcoláistí - agus leis na teaghlaigh sa Ghaeltacht, oibreoidh an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta lena chinntiú go mbeidh taithí Ghaeilge ag mic léinn agus go mbeidh teagmháil sheasta lena linn ag na mic léinn le Gaeilge mar theanga bheo na Gaeltachta ó lá go lá. Óna thaobh sin, cuideoidh an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta le forbairt a dhéanamh ar thaithí fhoghlama teanga teaghlaigh le go bhféadfar gréasáin d'úsáid nádúrtha na Gaeilge a chur chun cinn agus go mbeidh meicníochtaí ann le go leanfaidh siad sin ar aghaidh le linn na bliana ar fad. Cuideoidh athstruchtúrú agus feabhsú ar chlár a bheidh dírithe ar ábhair bhunmhúinteoirí leis sin agus beidh sé freisin mar chuid de leasuithe níos leithne a bheidh an Chomhairle Mhúinteoireachta a chur chun cinn i gcúrsaí tosaigh oideachais do bhunmhúinteoirí.

Páirt-Tumadh

Tá sé i gceist, chomh luath agus is féidir i gCéim Feidhmithe II, dul go dtí an staid ina dtairgfear páirt-tumadh sa Ghaeilge do gach leanbh. Déanfar é sin a fheidhmiú ar bhonn céimnithe ag teacht leis an dul chun cinn a dhéanfar ó thaobh inniúlachtaí múinteoirí a neartú sa réimse sin trí chlár cuimsitheach infheistíochta d'fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí. D'fhéadfaí sin a sholáthar trí roinnt ábhair phríomhshrutha a theagasc trí Ghaeilge i ranganna na naíonán agus mar chomhlánú air sin, dhéanfaí ullmhú i gCéim II ar réimsí ábhair ainmnithe a theagasc trí Ghaeilge sna blianta láir agus sna hardbhlianta sa bhunscoil. Ar deireadh, is é an aidhm atá ann faoin am a mbeidh Céim Feidhmithe III bainte amach go mbeidh oideachas páirt-tumtha i nGaeilge á thairiscint in ábhair eile do gach dalta sna scoileanna príomhshrutha a bhíonn ag gabháil don Ghaeilge mar chroí-ábhar. Bainfear na bearta sin amach ar bhonn céimnithe agus le cuidiú leis sin, déanfar infheistíocht i mbreisoiliúint múinteoirí. Bainfear leas mar is cuí as dreasachtaí mar scéim duaiseanna GLEO (Gaeilge Labhartha san Earnáil Oideachais) le misneach a thabhairt do scoileanna sa réimse seo. Mar thacaíocht leis an straitéis sin, déanfar forbairt ar acmhainní agus ar ábhair do scoileanna agus cuirfear ar fáil iad.

Beidh sé fós ina pholasaí náisiúnta tumoideachas trí Ghaeilge i ngach ábhar seachas Béarla i scoileanna Gaeltachta agus i ngaelscoileanna agus i naíonraí a chur chun cinn.

Measúnú Náisiúnta

Déanfar measúnú náisiúnta ar inniúlacht éisteachta agus labhartha i nGaeilge a fheidhmiú sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach i gcás gach scoil dara leibhéal aitheanta. Aithnítear nach féidir go fírinneach measúnú labhartha sa tsraith shóisearach a dhéanamh ach i gcomhthéacs sampla measúnaithe áitiúil a dhéanfadh múinteoirí ranga faoi mhodhnóireacht sheachtrach. Tá ionstraimí tástála caighdeánaithe ag an mbunleibhéal á bhforbairt don Ghaeilge faoi láthair.

Éilíonn nuálaíochtaí sa churaclam go ndéanfaí forbairt ar ionstraimí agus ar nósanna imeachta cuí le measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim na Gaeilge. Féadfar nasc tairbhiúil a dhéanamh le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha le sainmhíniú a dhéanamh ar na caighdeáin teanga agus chumarsáide a fhíorófar faoi na nósanna imeachta measúnaithe.

Curaclam do mhúineadh na Gaeilge

Tá an curaclam ag an leibhéal bunscoile sách nua agus dealraíonn sé go bhfuil comhaontú ann go bhfuil sé ag comhlíonadh dea-chleachtas agus ag teacht leis an smaointeoireacht reatha ar mhúineadh teangacha. Sa chomhthéacs sin, beidh níos mó fócais ar na cuspóirí teanga a chur in iúl ar bhonn níos soiléire ag leibhéal éagsúla na bunscolaíochta agus ar fhorbairt a dhéanamh ar ábhair ardchaighdeán le tacú le feidhmiú an churaclaim.

Ag an mbunleibhéal, tá forbairt déanta ar churaclam Gaeilge ar leithligh do scoileanna Gaeltachta agus do ghaelscoileanna a thugann ar aird riachtanais teanga forbartha éagsúla a bhaineann le daltaí i scoileanna Béarla agus i ngaelscoileanna. Déanfar coigeartú ar an gcuraclam i ngaelscoileanna le níos mó béime a chur ar ról na Gaeilge ó thaobh fhorbairt chognaíoch agus mhothachtalach ghinearálta leanaí a chur chun cinn.

Ag an iar-bhunleibhéal, leanfar de bheith ag soláthar difreáil tríd an nGaeilge a thairiscint ag trí leibhéal sa Teastas Sóisearach agus san Ardteistiméireacht agus beidh béim mhór ar inniúlacht cainte, éisteachta agus scríofa i nGaeilge a chothú agus ar athrú suntasach a chinntiú ina gcuirfear béim ar an nGaeilge mar theanga labhartha, le go mbeidh daltaí in ann cumarsáid agus a bheith i mbun caidrimh ar bhealach nádúrtha agus go labhrófar Gaeilge gach lá sna scoileanna.

Tá siollabas athbhreithnithe i nGaeilge na hArdteistiméireachta á fheidhmiú i ngach scoil agus scrúdófar den chéad uair é in 2012. Tá sé leagtha amach sa chaoi go ndíreofar níos mó ar idirghníomhú ó thaobh na cainte sa seomra ranga agus beidh ardú go 40% sna marcanna a cheadófar don mheasúnú cainte. Déanfaidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta athbhreithniú ar fheidhmiú an tsiollabais i gcomhthéacs thaithí an chéad chohórt de na hiarrthóirí faoin gcóras measúnaithe athbhreithnithe. Ar na ceisteanna a bhreithneofar san athbhreithniú sin, beidh chomh maith agus a d'éirigh leis an siollabas ó thaobh aghaidh a thabhairt go cuí ar riachtanais gach dalta, lena n-áirítear daltaí a bhfuil ardchumas i nGaeilge acu, go háirithe i scoileanna Gaeltachta agus i ngaelscoileanna. Más gá, déanfar tuilleadh forbartha ar an siollabas i gcomhthéacs thorthaí an athbhreithnithe.

Cláir thacaíochta do thuismitheoirí agus don réamhscolaíocht

Is gnéithe tábhachtacha d'athneartú na Gaeilge iad foghlaim neamhfhoirmiúil agus foghlaim réamhscoile. Léiríonn an taighde ar fad sa réimse seo gur sna luathbhlianta is fusa teanga nua a shealbhú. Tá sé i gceist mar sin go mbeidh leibhéal éigin d'oideachas Gaeilge réamhscoile ar fáil i ngach áit.

Éascófar saoráidí cúram leanaí agus réamhscoile le gné Ghaeilge a thairiscint agus le timpeallacht a bheidh fabhrach i leith na Gaeilge a chruthú do leanaí óga mar shampla, trí thacaí a chur ar fáil mar DVDanna Gaeilge a bheidh dírithe ar leanaí óga agus rannta agus cluichí naíonán i nGaeilge. Is é an fócas a bheidh ann go sonrach ná a chinntiú go mbeidh soláthar déanta do naíonraí i ngach áit ina mbeidh gaelscoil agus in áiteanna eile ina mbeidh éileamh.

Teastóidh atreisiú gníomhach ar a litearthacht i nGaeilge ó thuismitheoirí le go mbeidís ábalta leanúint de bheith ag tacú le foghlaim a gcuid leanaí a bheidh ag dul i méid ó thaobh na Gaeilge le linn bhlianta na bunscoile. Tá tábhacht leis an oiliúint sin freisin ó thaobh daoine gairmiúla eile a bhíonn i mbun cúraim agus oideachais agus cuirfear an oiliúint sin ar oibrithe cúraim lae, oibrithe i naíolanna agus daoine i gcumainn phobail, go háirithe in áiteanna ina bhfuil líon measartha den phobal ina gcainteoirí Gaeilge.

Soláthar Sainábhar

Cuirfear seirbhísí in oideachas áineasa (mar na hamharcealaíona agus na taibh-ealaíona) lasmuigh de churaclam foirmiúil na scoileanna san áireamh i bpleananna teanga ceantar áitiúil le linn bhlianta na bunscoile.

Oideachas Múinteoirí

Tá sé ríthábhachtach go mbeidh lucht saothair múinteoirí ann a bheidh in ann na cuspóirí ó thaobh inniúlachta i nGaeilge a bhaint amach agus go gcaithfear naisc a chruthú idir scoileanna, ionaid áineasa agus óige, clubanna agus gníomhaíochtaí daoine óga. Maidir leis sin, tugtar ar aird go bhfuil freagracht do mhúinteoirí ar an gComhairle Mhúinteoireachta, an comhlacht reachtúil atá freagrach as caighdeán do ghairm na múinteoireachta a chinneadh, oiliúint tosaigh ag an leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile a athbhreithniú agus a chreidiúnú.

Rachfar i gcomhairle leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar mhaithe le cur chuige débhealach a mholtar sa Straitéis seo a fheidhmiú chun an lucht saothair múinteoirí a ullmhú le freastal ar na cuspóirí atá molta. Chun Cuspóir 5 de *Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006* a bhaint amach, déanfar plé leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar mhaithe lena bheith ag obair go leanúnach le caighdeán an chumais Ghaeilge do mhúineadh na Gaeilge mar ábhar a ardú. Moltar tionscnaimh shonracha, lena n-áireofar na nithe seo a leanas:

Oideachas Príomhshrutha – An Córas Bunscoile

Lena chinntiú go mbainfear caighdeán “Gaeilge Ghairmiúil” amach i ngach coláiste oideachais múinteoirí, táthar ag súil go neartóidh an Chomhairle Mhúinteoireachta, mar chuid den athbhreithniú atá luaithe thuas, teagasc na Gaeilge feadh an tsoláthair tosaigh d’oideachas múinteoirí ar fad agus go ndéanfaidh sí caighdeánú air.

Moltar na nithe seo a leanas:

- Déanfar bearta le húsáid na Gaeilge tríd is tríd a spreagadh sa seomra ranga agus lasmuigh de;
- Déanfar ábhair eile atá sa churaclam d’oideachas tosaigh do mhúinteoirí, chomh maith le Gaeilge Ghairmiúil, a sholáthar trí mheán na Gaeilge;
- I réimse an oideachais múinteoirí, leanfaidh ábhair mhúinteoirí clár sainithe do theagasc teanga sa Ghaeltacht. Cuirfear freisin leis an am teagaisc agus freastail d’ábhair mhúinteoirí a dhéanann freastal ar chúrsaí Gaeltachta;
- Tabharfar scéim scoláireachta Gaeltachta nua isteach do bhunmhúinteoirí le freastal ar dhianchúrsaí sa Ghaeltacht;
- Spreagfar Coláistí Oideachais chun tionscnaimh a thosú chun mic léinn a mbeidh cumas ard acu i nGaeilge ón nGaeltacht, ó ghaelscoileanna agus ó scoileanna eile a mhealladh. Coinneofar suas le 20% de na háiteanna i gColáistí Oideachais do mhic léinn a fhaigheann a gcuid oideachais trí Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta agus i ngaelscoileanna agus beidh mic léinn as scoileanna a bhfuil an Béarla mar mheán iontu incháilithe freisin faoi réir tairseach ard feidhmíochta i nGaeilge a bhaint amach san Ardteistiméireacht;

- Socrófar tréimhse fhada sa Ghaeltacht do go leor de na hábhair mhúinteoirí, tréimhse ina leanfaidh na mic léinn clár sainmhínte ó thaobh teagasc teanga;
- Cuirfear leis na comhpháirteanna Gaeilge agus teagaisc trí Ghaeilge atá sa chúrsa céime Baitisiléir san Oideachas chomh maith le dianchúrsaí Gaeilge a sholáthar mar is cuí i gcomhar leis an gComhairle Mhúinteoireachta; agus
- Tabharfar isteach speisialtóireacht nua i dteagasc bunscoile trí mheán na Gaeilge (páirt-tumadh nó tumadh iomlán) i gColáistí Oideachais.

Oideachas trí mheán na Gaeilge – An Córas Bunscoile

Tabharfar clár iarchéime isteach a bheidh dírithe go sonrach ar riachtanais na scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge. Tabharfar Dioplóma Iarchéime nua san Oideachas Gaeilge (Bunmhúinteoireacht) isteach agus soláthróidh sé sainscileanna i nGaeilge dóibh sin a mbíonn clár oideachais múinteoirí críochnaithe cheana féin acu.

Oideachas trí mheán na Gaeilge – An Córas Iar-bhunscoile

Tabharfar Dioplóma Iarchéime nua san Oideachas isteach a dhéanfar a sholáthar go hiomlán trí mheán na Gaeilge.

Chun cuidiú tuilleadh le Cuspóir 5 agus Cuspóir 6 de *Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006* a bhaint amach, bunófar Ionad Náisiúnta d’Fhorbairt Ghairmiúil Múinteoirí trí Mheán na Gaeilge in institiúid oideachais atá ann cheana féin. Is ionad barr feabhais a bheidh ann a thabharfaidh cúnamh agus comhairle do na Coláistí Oideachais agus iad ag ullmhú múinteoirí don timthriall iomlán sna scoileanna ina ndéanfar an teagasc trí mheán na Gaeilge trí chomhchomhairle, gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla, clár oiliúna chreidiúnaithe agus forbairt acmhainní. Oibreoidh an tIonad Náisiúnta i gcomhar leis na Coláistí Oideachais agus spreagfar soghluaiseacht na bhfoirne gairmiúla idir na córais agus na soláthróirí oideachais ar fad agus an tIonad Náisiúnta. Beidh cáilíocht ghairmiúil ar fáil do na múinteoirí bunscoileanna agus meánscoileanna ar fad le tacú leo le teagasc a dhéanamh i scoileanna a dhéanann teagasc trí mheán na Gaeilge.

Is cáilíocht bhreise tharraingteach agus inmhianaithe a bheidh inti seo do dhaoine ar mian leo oibriú i scoileanna a dhéanann teagasc trí Ghaeilge agus is treoir úsáideach a bheidh inti d'fhostóirí go bhfuil an inniúlacht riachtanach teanga ag iarrthóirí.

Cuirfear na cláir acadúla nua - Baitsiléir san Oideachas, Dioplóma Céime san Oideachas (Teagasc Bunleibhéil) agus Dioplóma Iarchéime san Oideachas - chomh maith le feidhmiú an Ionaid Náisiúnta d'Fhorbairt Phroifisiúnta Múinteoirí trí mheán na Gaeilge amach ar thairiscint iomaíoch phoiblí oscailte i measc na n-institiúidí oideachais cuí atá ann.

Cuirfear leis na deiseanna forbartha gairmiúla atá aitheanta thuas trí bhithin infheistíocht atá méadaithe go suntasach a chur isteach i roghanna forbartha gairmiúla ar líne agus gearrthréimhseacha le haghaidh múinteoirí atá ag obair agus cuirfear iad ar fáil trí na seirbhísí tacaíochta curaclaim agus trí ghréasán an Ionaid Oideachais ag an leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile.

Chun cuidiú tuilleadh leis na bearta sin agus chun cur le háit na teanga a dhaingniú sa chóras oideachais ag gach leibhéal, tabharfar aitheantas speisialta do scoileanna ina mbíonn dea-chleachtas ó thaobh mhúineadh na Gaeilge. Déanfar raon leathan de théacsleabhair, d'ábhair theicneolaíochta nua agus d'acmhainní le cuidiú le múineadh na Gaeilge agus le múineadh trí Ghaeilge a fhorbairt agus a chur ar fáil.

Cuirfimid scéim scoláireachtaí ar fáil do leanaí ó limistéir faoi mhíbhuntáiste le freastal ar chúrsaí sa Ghaeltacht agus cuirfear maoiniú ar fáil do choláistí Gaeilge samhraidh ar fud na tíre.

Déanfar athbhreithniú ar na socruithe do dhíolúine ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge i scoileanna lena chinntiú go mbeidh díolúintí bunaithe ar chritéir theanga oibiachtúla.

Oideachas Ardleibhéil in Éirinn

Leanfar de bheith ag forbairt agus ag tacú le cláir i nGaeilge do dhaoine fásta ag leibhéal ollscoile agus ag leibhéal eile nach iad agus soláthrófar sainchláir ghairmiúla.

Agus breis forbartha á déanamh ar oideachas tríú leibhéal trí Ghaeilge, cuirfidh an Rialtas na nithe seo a leanas san áireamh:

- Rinne an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta infheistíocht shuntasach san earnáil seo le déanaí laistigh den Ghaeltacht agus lasmuigh di, lena áiríodh ach go háirithe tacaíocht d'Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Fiontar in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; agus
- Tá creat oibre reachtúil ann faoi láthair d'oideachas tríú leibhéal i nGaeilge, lena n-áirítear an oibleagáid atá ar an Údarás um Ard-Oideachas faoi Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971: "coimeádfaidh sé i gcuimhne i gcónaí na haidhmeanna náisiúnta atá ann an Ghaeilge a aisiriú agus an tsaothocht náisiúnta a chaomhnú agus a fhorbairt agus féachfadh sé le cabhrú leis na haidhmeanna sin a chur i gcrích". Tá sé sin neartaithe tuilleadh in alt 12 d'Acht na nOllscoileanna 1997, lena bhforáiltear go bhfolóidh cuspóirí gach ollscoile "teangacha oifigiúla an Stáit [a chur chun cinn], ag féachaint go speisialta do chaomhnú, do chur chun cinn agus d'úsáid na Gaeilge agus do chaomhnú agus do chur chun cinn chultúir shainiúla na hÉireann". Aithnítear ról faoi leith Ollscoil na hÉireann, Gaillimh maidir le cláir tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge a sholáthar in Acht an Choláiste Ollscoile, Gaillimh (Leasú) 2006.

Caithfidh caighdeán ard a bheith ag baint le hoideachas tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge agus caithfear é a sholáthar ar bhealach straitéiseach agus comhordaithe lena chinntiú:

- deiseanna do mhic léinn leas a bhaint as tréimhsí fada socrúcháin/staidéir sa Ghaeltacht le cur lena gcumas sa teanga i dtimpeallacht ina labhraítear an teanga go nádúrtha;
- go mbainfidh éagsúlacht leis an raon disciplíní a bheidh á dtairiscint agus go mbeidh fócas faoi leith ar riachtanais an mhargaidh do dhaoine a bheidh inniúil i nGaeilge;
- cur amach céimithe a bheidh cáilithe go maith leis na scileanna sonracha is gá le freastal ar stádas náisiúnta agus stádas AE na Gaeilge;
- forbairt a dhéanamh ar speisialtóireacht ar leith i ngach coláiste agus srian a chur le dúbailt soláthair go dtí suíomh amháin nó dhá shuíomh ar a mhéid;

- luach ar airgead agus dearbhú cáilíochta sa taighde agus sa teagasc, agus dúbailt nó ilroinnt a sheachaint freisin; agus
- cúrsaí agus creidiúnú i nGaeilge Ghairmiúil a fhorbairt don oiread gairmeacha agus is féidir.

Cuirfear maoiniú ar fáil lena chur ar chumas an Údaráis um Ard-Oideachas clár sonracha a bhunú leis an earnáil seo a fhorbairt go straitéiseach.

Tá sé tábhachtach ó thaobh normalú a dhéanamh ar úsáid na teanga go mbeadh teacht ar ranganna agus ar ghníomhaíochtaí Gaeilge agus go gcruthófaí atmaisféar ar champas a aithníonn gur cuid dhlúth den saol sóisialta chomh maith le cuid dhlúth den saol acadúil sa choláiste í an teanga. Tá ról tábhachtach ag institiúidí tríú leibhéal ó thaobh tionchar a imirt ar an teanga a labhróidh duine ar feadh a shaoil agus ó thaobh a húsáide i measc mic léinn agus maidir le tacú le tionscnaimh theanga áitiúla sa phobal trí chéile agus spreagfar iad leis sin a dhéanamh.

Daoine Fásta ag Foghlaim Teanga

Tabharfar tuilleadh deiseanna do dhaoine fásta ar suim leo an teanga a fhoghlaim nó cur lena gcumas Gaeilge a labhairt. Déanfar clár foghlama Gaeilge a bheidh creidiúnaithe do dhaoine fásta agus déanfaidh sé freastal ar gach leibhéal mar an clár foghlama teanga náisiúnta comhaontaithe.

Le barr feabhais a chothú ar leibhéal ard acadúil i staidéar ar an nGaeilge, cuirfidh an Rialtas le hobair Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath agus na nollscoileanna ó thaobh forbairt taighde agus teagaisc maidir leis an Léann Ceilteach agus neartóimid áit na hÉireann mar ionad barr feabhais sa disciplín sin ar fud an domhain.

Seirbhísí Comhairle agus Tacaíochta

Cuirfear ábhair eolais agus acmhainní ar fáil do chatagóirí éagsúla de lucht gairme a bhíonn ag plé le scoileanna amhail teiripeoirí urlabhra, treoirchomhairleoirí, comhairleoirí gairmthreorach agus daoine eile a chuirfidh chun cinn na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas (go háirithe foghlaim na Gaeilge). Tabharfar comhairle shonrach do na grúpaí seo a leanas:

- **Leanaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga agus /nó leanaí atá ag freastal ar scoileanna a bhfuil an Ghaeilge mar mheán iontu.** Tá sé tábhachtach go dtabharfaidh foireann ghairmiúil agus foireann pharaghairmiúil tacaíocht go leanúnach do chothabháil na

Gaeilge. Cuirfear in iúl do na grúpaí gairmiúla sin an lear mór litríochta atá ann a léiríonn na buntáistí intleachta, labhartha agus na buntáistí ó thaobh slite beatha a bhaineann leis an dátheangachas. Tabharfar comhairle shonrach le tacú le riachtanais dhátheangacha leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

- **Leanaí arb é an Béarla a gcéad teanga agus/nó leanaí atá ag freastal ar scoileanna a bhfuil an Béarla mar mheán iontu.**

Cuirfear eolas ar fáil freisin d'fhoireann na scoile a bhíonn ag déileáil le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu faoi na buntáistí intleachta, labhartha agus slite beatha a bhaineann leis an dátheangachas - agus go háirithe na buntáistí a bhaineann le Gaeilge a fhoghlaim agus a úsáid.

- **Clann inimirceach in Éirinn.**

Tabharfar an deis do leanaí inimirceach atá tar éis teacht go hÉirinn le gairid a bheith páirteach i ngach gníomhaíocht Gaeilge agus tabharfar aird faoi leith ar a gcuid riachtanas foghlama teanga.

Oideachas sa Ghaeltacht

Baineann na bearta thuas ar fad chomh maith céanna leis an nGaeltacht. Chomh maith leo sin, aithníonn an Rialtas an deacracht faoi leith a bhaineann le freastal ar riachtanais leanaí lena mbaineann cumais teanga éagsúla i scoileanna Gaeltachta. Agus féadann an scéal sin a bheith níos casta fós ag brath ar stádas na Gaeilge laistigh de phobal na scoile. Aithnítear gur ceist mhór do scoileanna Gaeltachta iad acmhainní teagaisc ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal araon. Is fiú a thabhairt ar aird, de bharr infheistíochta ó Fhoras na Gaeilge agus ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), go bhfuil feabhas mór tagtha ar acmhainní atá ar fáil do theagasc trí Ghaeilge cé go dteastaíonn infheistíocht mharthanach sa réimse sin. Baineann na riachtanais chéanna le gaelscoileanna. Chomh maith leis sin, tá géarghá le hacmhainní don Ghaeilge a sholáthar do bhunscoileanna a bhfuil an Béarla mar mheán iontu.

Ag an am céanna, tuigeann an Rialtas go maith an tábhacht a bhaineann leis an gcóras oideachais ó thaobh chothabháil na teanga sa Ghaeltacht agus cuireadh an cuspóir sin san áireamh san Acht Oideachais 1998. Chomh maith leis na tionscnaimh sin atá luaite thuas, tá socraithe ag an Rialtas roinnt beart a bhrú chun cinn sa Ghaeltacht mar chuid den Straitéis seo:

- Déanfar athbhreithniú ar an scéim scoláireachtaí Gaeltachta a fheidhmíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna le súil cur lena héifeachtacht mar mheicníocht tacaíochta don Ghaeilge;
- Déanfar beart láithreach le dlús a chur le forbairt an ionaid acmhainní oideachais Ghaeilge i mBaile Bhuirne i gCo. Chorcaí;
- Déanfar forbairt ar aonad sealbhaithe teanga ag an mbunleibhéal i ngach ceann de na trí phríomhréigiún Gaeltachta;
- Déanfar soláthar freisin do dhianchúrsaí samhraidh/tráthnóna do dhaltaí iarbhunscóile sa Ghaeltacht a dteastaíonn breis tacaíochta uathu;
- Leanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ag leithroinnt cigirí ainmnithe do scoileanna Gaeltachta agus do ghaelscoileanna;
- Déanfar athbhreithniú ar an gcur chuige atá ann faoi láthair ó thaobh Coláistí Samhraidh Gaeltachta ar mhaithe le ról níos comhleanúnaí a thabhairt don Stát i rialáil agus i bhforbairt na gcoláistí sin, le cur le héifeachtacht agus caighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil iontu agus le próiseas deartha curaclaim a chinntiú iontu atá níos fearr agus níos comhleanúnaí;
- Beidh sé fós ina pholasaí náisiúnta tumoideachas trí Ghaeilge a chur chun cinn i ngach ábhar seachas Béarla i scoileanna Gaeltachta agus i ngaelscoileanna agus i naíonraí;
- Déanfar athbhreithniú ar an soláthar tumoideachais ag leibhéal na hiarbhunscóile sna gaelscoileanna agus sa Ghaeltacht;
- Déanfar scéimeanna a fheidhmíonn an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta chun tacú leis an gcóras oideachais sa Ghaeltacht (amhail tacaíochtaí do chúntóirí Gaeilge agus tacaíochtaí eile i scoileanna Gaeltachta, chomh maith leis an scéim cuairteanna baile ar mhaithe le tacaíocht teanga) a neartú i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna;
- Leanfar de bheith ag tabhairt deise do gach dalta Gaeltachta a gcuid oideachais a fháil trí mheán na Gaeilge. Déanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta iniúchadh ar na socrúithe

oiriúnacha don soláthar sin i gcúinsí athraitheacha gach limistéir Ghaeltachta agus cuirfear i bhfeidhm iad; agus

- Déanfar socrúithe struchtúrtha cuí, i gcomhthéacs aon athbhreithniú ar struchtúir na gCoistí Gairmoideachais ar bhonn náisiúnta chun soláthar a dhéanamh d'oideachas dara leibhéal lán-Ghaeilge ar fud an Stáit, lena n-áireofar sa Ghaeltacht, agus chun a chinntiú go mbeidh an fhoireann ar fad i ngaelscoileanna ábalta a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge ar bhonn laethúil agus go nglacfar le cur chuige comhtháite ó thaobh seirbhísí cúnta, comhairleacha agus tacaíochta a chur ar fáil do ghaelscoileanna chun go soláthrófar na seirbhísí sin i nGaeilge nuair is féidir. Cuirfear tacaíochtaí oideachais amhail téacsleabhair agus ábhair chlosamhairc i nGaeilge ar fáil do na scoileanna sin.

Bunú Scoileanna Nua

Leagann an tAcht Oideachais 1998 oibleagáidí sonracha ar an gcóras cur leis an bpolasaí agus na cuspóirí náisiúnta maidir leis an nGaeilge a bhaint amach, an Ghaeilge a chothú mar phríomhtheanga phobail i limistéir Ghaeltachta agus riachtanais teanga agus chultúir mhic léinn a chur chun cinn ag féachaint do roghanna a gcuid tuismitheoirí.

Bhí cur chun cinn na Gaeilge mar aidhm thábhachtach ag rialtas i ndiaidh rialtais in Éirinn agus tá freastal déanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ar éilimh ar scolaíocht trí mheán na Gaeilge atá imithe i méid le blianta beaga anuas. Tá sé sin soiléir ag an mbunleibhéal ón líon níos airde gaelscoileanna a bunaíodh lasmuigh de limistéir Ghaeltachta. Tá 17 gaelscoil nua aitheanta ag an Roinn ar an iomlán ó 2005, sin 138 gaelscoil san iomlán a bhfuil aitheantas acu. Ag an iarbhunleibhéal, tá an líon gaelcholáistí (gaelscoileanna dara leibhéal) ardaithe go 45 (agus 13 díobh sin bunaithe ó 2000) agus in éineacht leis sin, tá 10 n-aonad (sain-aonaid ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán agus atá nasctha le scoil dara leibhéal) agus 10 sruth (sruth nó rang labhartha Gaeilge i scoil ina bhfuil an Béarla mar mheán). Éascaíonn struchtúr an aonaid agus an tsrutha soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge sa chás go bhfuil éileamh mór ar oideachas trí mheán na Gaeilge ach nach mbeadh dóthain éilimh ann do ghaelscoil neamhspleách.

B'éigean níos mó áiteanna scoile breise a sholáthar i gceantair áirithe ar fud na tíre mar gheall ar an ardú sa daonra le deich mbliana anuas nó mar sin agus meastar go leanfaidh an t-ardú sin sa tréimhse ghearrthéarmach go dtí an tréimhse mheántéarmach. Tá éileamh níos mó ann ar éagsúlacht ó thaobh cineálacha scoileanna, lena n-áirítear oideachas trí mheán na Gaeilge, ar fud na tíre in áiteanna a bhfuil an daonra ag fás iontu agus áiteanna nach bhfuil. Fágann na héilimh sin atá ag dul i neart go gcaithfear leasú a dhéanamh ar na nósanna imeachta ó thaobh aitheantais a thabhairt do bhunscoileanna nua. Go dtí go mbeidh an t-athbhreithniú sin déanta, bhí ar an Roinn Oideachais agus Scileanna glacadh le straitéis eastramhach faoina gceadaítear bunscoileanna nua a bhunú chun freastal a dhéanamh ar fhás déimeagrafach agus sin amháin, chun go mbainfí amach an tosaíocht fhoriomlán go mbeidh áit scoile ar fáil do gach leanbh. Is é an Coimisiún um Chóiríocht Scoile atá i mbun an athbhreithnithe, a bhfuil dul chun cinn maith déanta ann, agus tá na comhpháirtithe oideachais ar fad páirteach san obair. Is é an toradh a bheidh ar an athbhreithniú go mbreithneofar socruithe nua ó thaobh bunscoileanna nua a aithint agus go nglacfar leo. Déanfar na héilimh ar leathnú ar sholáthar oideachais trí mheán na Gaeilge a bhreithniú i gcomhthéacs na socruithe nua a bhunófar ó thaobh aitheantas a thabhairt do scoileanna nua.

Ag an iar-bhunleibhéal, bunaíodh socruithe nua d'aitheantas scoileanna dara leibhéal i mí Iúil 2010. Tá soláthar iontu sin do chreat nua ina leagtar amach critéir shoiléire faoina ndéanfar iarratais ar scoileanna nua dara leibhéal a mheas. Samhlaíonn na critéir nua sin nach mbunófar scoileanna nua ach in áiteanna ina mbeidh éileamh déimeagrafach agus gur idir 800 agus 1000 dalta ar an meán a bheidh sna scoileanna nua. Leag na critéir amach freisin gur 400 an bhonntairseach do ghaelcholáistí, ag féachaint don rogha ar aonad a bhunú laistigh de scoil.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)

Beidh príomhról ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta i bhfeidhmiú na Straitéise san earnáil oideachais i gcomhar leis na gníomhaireachtaí atá ann. Cuirfear an fhoireann chuí agus na hacmhainní

cuí ar fáil don Chomhairle lena dualgas a chomhlíonadh mar atá:

- soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomhordú;
- comhairle a chur ar an Aire maidir le polasaithe a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus a chur chun cinn i scoileanna aitheanta i gcoitinne agus i scoileanna atá suite i limistéar Gaeltachta;
- seirbhísí taca trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do na scoileanna sin;
- taighde a sheoladh ar aon ní nó ar gach ní lena mbaineann an mhír seo; agus
- soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh na Gaeilge a phleanáil agus a chomhordú agus taighde a sheoladh agus comhairle a chur ar an Aire maidir le straitéisí a bhfuil an cuspóir acu feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge i scoileanna aitheanta agus i lárionaid oideachais.

Neartófar ról COGG mar aitheantas ar an ngá le dul i ngleic le saincheisteanna éagsúla a bhaineann go sonrath le teagasc agus le foghlaim na Gaeilge i scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge, sa Ghaeltacht agus lasmuigh di araon, agus le teagasc na Gaeilge i ngach scoil aitheanta. Beidh ról lárnach ag COGG ó thaobh comhairle dhíreach a chur ar ghaelscoileanna faoi dhea-chleachtas i dtaca le hoideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

I ndáil leis an tsaincheist thábhachtach a bhaineann le riachtanais shainiúla scoileanna Gaeltachta agus riachtanais shainiúla ghaelscoileanna, déanfaidh grúpa ardleibhéal athbhreithniú ar na polasaithe atá ann i láthair na huaire agus déanfaidh siad iniúchadh ar athruithe féideartha, lena n-áirítear forbairt polasaithe nua do scoileanna Gaeltachta agus do ghaelscoileanna. Déanfar feidhmeanna féideartha eile do COGG a bhreithniú i gcomhthéacs an phlé sin.

Beidh ionadaithe de chuid na bpáirtithe leasmhara ábhartha ar an ngrúpa ardleibhéal, lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, Foras na Gaeilge agus Údarás nua na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Cúrsaí Gaeilge Tríú Leibhéal Thar Lear

Bhunaigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta ciste tiomnaithe sa bhliain 2006 chun tacú le forbairt cúrsaí Gaeilge in institiúidí tríú leibhéal thar lear. Is iad aidhmeanna an chiste dea-thoil i leith na Gaeilge agus go deimhin i leith na hÉireann agus cultúr na hÉireann a chothú agus a chur chun cinn ar fud na hEorpa, Mheiriceá Thuaidh agus Cheanada agus ardán a sholáthar óna bhféadfaí an Ghaeilge a mheas agus a léiriú mar theanga idirnáisiúnta. Cuireann sé sin le feachtas faoin nGaeilge agus faoi chultúr na hÉireann lasmuigh d'Éirinn agus cothaíonn sé naisc idir Éirinn agus na tíortha ina bhfuil na hInstitiúidí sin, rud a fhágann go mbeidh torthaí dearfacha ann don teanga sa tréimhse fhadtéarmach. Tugann sé deis iontach freisin an Ghaeilge a chur i láthair an phobail acadúil ar fud an domhain agus tugann sé an stádas céanna don Ghaeilge agus atá ag teangacha Eorpacha eile a mhúintear ar fud an domhain. Ina theannta sin, leanann go leor mac léinn a dhéanann staidéar ar an nGaeilge ina dtíortha féin lena gcuid staidéir anseo in Éirinn agus dá bharr sin bíonn mic léinn ó gach cearn den domhan ag freastal ar chúrsaí sa Ghaeltacht. Dá bharr sin, cruthaítear cairdeas, suim agus tuiscint maidir leis an teanga agus cultúr saibhir na tíre seo.

Faoi láthair, tá breis is tríocha coláiste agus ollscoil tríú leibhéal sna Stáit Aontaithe, i dtíortha san Eoraip agus níos faide i gcéin ag soláthar clár Ghaeilge agus clár sa Léann Ceilteach ina gcuid institiúidí.

Leanfaidh an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta ar aghaidh leis na bearta sin chun tacú le teagasc na Gaeilge thar lear (lena n-áirítear an comhchlár le Coimisiún Fulbright agus an Ireland Canada University Foundation) mar mhodh chun leathnú breise a dhéanamh ar mhúineadh agus ar fhoghlaim na Gaeilge in ollscoileanna lasmuigh d'Éirinn.

6.2 RÉIMSI GNÍMH - AN GHAELTACHT

I *Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006*, dhearbhaigh an Rialtas a pholasaí ó thaobh an Ghaeltacht a neartú mar phobal ina labhraítear an Ghaeilge agus dhaingnigh an Rialtas a thacaíocht don Ghaeilge. Tá trí chuspóir a thagraíonn don Ghaeltacht sa *Ráiteas*:

Cuspóir 3: *Tabharfar spreagadh agus tacaíocht do phobal na Gaeilge sa Ghaeltacht agus lasmuigh de, an Ghaeilge a thabhairt don chéad ghlúin eile mar theanga theaghlaigh. Chuige sin, cuirfear réimse leathan seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge.*

Cuspóir 4: *Tabharfar tacaíocht ar leith don Ghaeltacht mar cheantar labhartha Gaeilge.*

Cuspóir 11: *Leanfar le treisiú na hoibre atá ar bun ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus ag na gníomhaireachtaí a thagann faoina scáth chun an Ghaeilge a chur chun cinn go náisiúnta agus chun í a threisiú sa Ghaeltacht.*

Moltar sa *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht 2007* gur chóir gurb é an príomhfhócas straitéiseach ó thaobh polasaí teanga sa Ghaeltacht tacaíocht a thabhairt sa todhchaí do ghlúnta tuismitheoirí óga Gaeltachta agus a chur ar a gcumas a gcuid leanaí a thógáil le Gaeilge. Dearbhaíonn an Staidéar ach go háirithe an tábhacht a bhaineann leis an líon cainteoirí gníomhacha Gaeilge atá i limistéir Ghaeltachta a chaomhnú agus a mhéadú.

Is sa chomhthéacs sin atá an Rialtas ag feidhmiú na n-athruithe móra atá leagtha amach sa Straitéis seo. Beidh forbairt córas cuimsitheach pleanála teanga ag leibhéal an phobail sa Ghaeltacht ag croílár na straitéise a bhunófar chun a chinntiú go mairfidh an Ghaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht.

Stádas teanga pobal Gaeltachta – reachtaíocht nua

Glacann an Rialtas tríd is tríd le treo ghinearálta na moltaí sa *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* maidir le stádas na Gaeltachta a bheith bunaithe ar chritéir teanga. Tabharfar stádas reachtúil dó sin trí Acht Gaeltachta nua. Beidh an sainmhíniú bunaithe ar an mórchuid ar na critéir atá leagtha amach sa *Staidéar* le roinnt mionathruithe bunúsacha.

Mar a luadh roimhe seo, bunófar Údarás na Gaeilge agus na Gaeltachta a bheidh freagrach as gnóthaí Gaeilge ar fud an Stáit. Beidh a cheannáras sa Ghaeltacht agus beidh sé freagrach as feidhmeanna ábhartha atá Údarás na Gaeltachta ag cur i bhfeidhm faoi láthair, mar aon le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí Stáit eile mar is cuí. Ullmhófar reachtaíocht in 2011 chun an tÚdarás seo a bhunú. Tabharfar aird ar a shainchúram Gaeltachta agus ar a shainchúram náisiúnta níos leithne araon. Tabharfar aghaidh freisin ar an ngá atá le saineolas sa réimse pleanála teangacha mionlaigh nuair a bhunófar a struchtúr stiúrtha. Coinneoidh an t-údarás nua, Údarás na Gaeilge agus na Gaeltachta, na feidhmeanna atá Údarás na Gaeltachta ag cur i bhfeidhm i láthair na huair, lena n-áirítear feidhm fiontraíochta.

Chun críocha pleanála teanga agus feidhmithe teanga, beidh na cineálacha éagsúla idirghabhálacha straitéiseacha agus cothabhála teanga (lena n-áirítear pleananna teanga comhtháite) bunaithe ar riachtanais teanga aitheanta na bpobal éagsúil d'fhonn an líon daoine a labhraíonn Gaeilge ó lá go lá a ardú.

I gcás pobal ina labhraíonn a thromlach Gaeilge, cuirfear an bhéim ar na pobail sin atá láidir ó thaobh na teanga a chosaint agus a neartú trína chinntiú go gcoinneofar an Ghaeilge mar theanga an phobail sna réigiúin sin. I gcás réigiúin Ghaeltachta eile ina labhraíonn mionlach sách mór an Ghaeilge ó lá go lá, cuirfear an bhéim ar na gréasáin phobail Ghaeilge atá fós iontu a neartú.

Tabharfar tréimhse dhá bhliain do phobail nach mbeidh ábalta na critéir sa reachtaíocht nua a chomhlíonadh chun pleananna a fhorbairt lena chinntiú go gcoinneoidh siad a stádas mar phobail Ghaeltachta. Ní bheidh pobail nach

n-éireoidh leo pleananna inbhuanaithe inghlactha a fhorbairt laistigh den tréimhse dhá bhliain san áireamh níos mó mar chuid den Ghaeltacht.

Déanfar athbhreithniú ar na pleananna gach seacht mbliana agus caillfidh ceantair nach mbaineann na critéir teanga Gaeltachta a bheidh leagtha síos faoin Acht nua amach a stádas Gaeltachta. Féadfar ceantair nua a chur isteach sa Ghaeltacht freisin má chomhlíonann siad na critéir teanga a bheidh leagtha síos faoin Acht nua.

Pleanáil Teanga sa Ghaeltacht

Tosófar próiseas pleanála teanga agus déanfar plean teanga a ullmhú ag leibhéal pobail do gach ceantar Gaeltachta faoin Acht nua. Déanfaidh na pleananna sin comhtháthú ar an gcur chuige maidir le ceisteanna teanga, oideachas, pleanáil fhisiciúil agus forbairt shóisialta agus pobail. Beidh rannpháirtíocht agus comhoibriú ón bpobal ríthábhachtach. Cuirfear acmhainní ar fáil leis na pleananna teanga a chur i bhfeidhm.

Thar aon ní eile, beidh na pleananna sin teanga-lárnaithe. Cuimseofar gach gné de shaol an phobail sna ceantair sin iontu. Tabharfar tosaíocht do ghníomhaíochtaí pleanála teanga a bhfuil gá leo le háit na Gaeilge mar theanga phobail a chinntiú chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt d'inbhuanaitheacht na Gaeltachta mar eintiteas teanga. Beidh gníomhaíochtaí/pleananna sna pleananna teanga sin leagtha amach faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Pleanáil Oideachais;
- Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí cúram leanaí, seirbhísí réamhscoile, seirbhísí comhairle teanga do theaghlaigh, seirbhísí iarscoile, gréasáin do thuismitheoirí agus do leanaí a labhraíonn Gaeilge, seirbhísí comhairle réamhphósta agus réamhbhreithe, clár feasachta teanga do theaghlaigh, seirbhísí teiripe urlabhra agus síceolaíochta, agus seirbhísí sláinte poiblí;
- Seirbhísí Óige, lena n-áirítear feasacht teanga a chur chun cinn i measc daoine óga sa Ghaeltacht, i gColáistí Samhraidh agus i gcampaí Gaeltachta;
- Seirbhísí Rialtais Áitiúil;
- Pleanáil Áitiúil agus Fhisiciúil, lena n-áirítear forbairt infreastruchtúir, forbairt eacnamaíochta, polasáí tithíochta agus lonnaíochta.

- Forbairt Pobail;
- Pleanáil d'fhorbairt eacnamaíochta, thionsclaíoch agus gnó áitiúil, lena n-áirítear cur chun cinn feasachta teanga i measc soláthraithe seirbhísí gnó i gceantair Ghaeltachta;
- Forbairt ar Thurasóireacht Oideachais/Cultúir;
- Seirbhísí Reiligiún;
- Cúram do dhaoine scothaosta;
- Cúram do Leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu;
- Seirbhísí Sláinte; agus
- Spórt.

Cinnfear amach anseo caiteachas an Stáit ar an teanga sa Ghaeltacht de réir an tionchair a bheidh aige ar an teanga agus tabharfar tosaíocht faoi leith do thacaíochtaí teanga do theaghlaigh agus do dhaoine óga chun a chinntiú go leanfar de bheith ag cur na teanga ar aghaidh ó ghlúin go glúin.

Cuirfear béim faoi leith ar chur chun cinn cultúr óige Gaeilge sa Ghaeltacht agus dá bharr sin déanfar tuilleadh forbartha ar sheirbhísí óige na Gaeltachta agus ar naisc trí Choláistí Samhraidh Gaeltachta le heagraíochtaí óige náisiúnta.

Déanfaidh an Stát forbairt freisin ar shraith chuimsitheach tacaíochtaí do theaghlaigh sa Ghaeltacht a labhraíonn Gaeilge i gcomhairle le tuismitheoirí leanaí óga agus naíonán agus tuismitheoirí atá ag súil le páiste.

Pleanáil agus Forbairt sa Ghaeltacht

Ullmhóidh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil treoirínite leathana pleanála chun cuidiú le húdarais áitiúla maidir le feidhmiú an Achta Pleanála agus Forbartha sa Ghaeltacht chun a chinntiú go dtabharfar cosaint d'fhéiniúlacht teanga faoi leith na Gaeltachta.

Mar aitheantas ar an riachtanas atá le comhoibriú níos fearr idir rialtas áitiúil agus rialtas náisiúnta agus idir na hearnálacha éagsúla chun seirbhís níos éifeachtúla comhtháite a sholáthar, beidh sé mar aidhm ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Pobail,

Comhionannais agus Gaeltachta agus na Bainisteoirí Cathrach agus Contae forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí comhroinnte nua agus beidh saineolas cuí ann do na limistéir Ghaeltachta san earnáil pleanála.

Bainfidh an stádas céanna le pleananna limistéar Gaeltachta agus a bhaineann le pleananna bailte. Chomh maith le ceadú a fháil ón údarás áitiúil, ceadóidh Údarás nua na Gaeilge agus na Gaeltachta na pleananna chun a chinntiú go mbeidh dóthain ionchuir iontu ó thaobh a chinntiú go bhfuil inbhuanaitheacht na teanga ina gné de na pleananna.

Seirbhísí á soláthar chuig pobail Ghaeltachta

Is iad an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeilge agus na Gaeltachta a dhéanfaidh soláthar ar an oiread seirbhísí agus is féidir sa Ghaeltacht nach seirbhísí teanga iad, i bhfianaise an chumais fhócasaithe atá acu seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge.

6.3 RÉIMÍSÍ GNÍMHI – AN TEAGHLACH AG CUR NA TEANGA AR AGHAIDH – IDIRGHABHÁIL LUATH

Tá an-tábhacht leis na gníomhartha atá beartaithe sa réimse a bhaineann leis an teaghlach ó thaobh an teanga a chur ar aghaidh. Tá an cuspóir seo a leanas i *Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006*:

Cuspóir 3: Tabharfar spreagadh agus tacaíocht do phobal na Gaeilge sa Ghaeltacht agus lasmuigh de, an Ghaeilge a thabhairt don chéad ghlúin eile mar theanga theaghlaigh. Chuige sin, cuirfear réimse leathan seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Is gné fhíorthábhachtach ó thaobh an phróisis pleanála teanga an teanga a chur ar aghaidh sa teaghlach chuig an gcéad ghlúin eile agus is cloch choirnéil é san obair ó thaobh cur leis an méid cainteoirí líofa.

Tá níos mó aitheantais á thabhairt ar fud an domhain anois ar chur ar aghaidh na teanga sa teaghlach mar cheann de na príomhcheisteanna a gcaithfear a chíoradh má tá teangacha

neamhfhforleathana le tabhairt slán. Teastaíonn treoir agus comhairle ó theaghlaigh ina labhraíonn na tuismitheoirí Gaeilge faoin gcaoi inar féidir leo a gcuid leanaí a thógáil mar chainteoirí cothroma dátheangacha, go háirithe mura labhraíonn ach tuismitheoir amháin an teanga.

Tá fíorthábhacht leis an mbaile, leis an teaghlach agus leis an gcomharsanacht - an chéim sin d'idirghníomhú neamhfhoirmiúil cainte ó lá go lá idir seantuístí, tuismitheoirí agus leanaí - ó thaobh an Ghaeilge a choinneáil mar theanga bheo. Is é an teaghlach an chloch choirnéil ó thaobh a leithéid de chur ar aghaidh teanga. Thar aon ní eile, is sa teaghlach a chothaítear, a roinntear agus a mhúnlaítear ceangal dlúth le teanga agus le gníomhaíochtaí teanga ina bhféiniúlacht phearsanta agus shóisialta chomh maith le féiniúlacht teanga agus cultúir.

B'fhéidir nach dtuigeann tuismitheoirí go hiomlán na buntáistí eacnamaíochta, fostaíochta agus oideachais a bhaineann le Gaeilge a labhairt lena gcuid leanaí. Baineann na hidirghabhálacha atá molta sa réimse seo mar sin le spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí a gcuid leanaí a thógáil go dátheangach ar thaobh amháin agus, ar an taobh eile, le heolas fíriciúil a chur ar fáil agus cur le feasacht faoi na buntáistí nádúrtha a bhaineann leis an leanbh a bheith ábalta níos mó ná teanga amháin a labhairt.

Is é an aidhm a bheidh ag tacaíochtaí Stáit mar sin ó thaobh chur ar aghaidh na teanga sa teaghlach ná:

- comhairle, treoir agus tacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh ina labhraítear an Ghaeilge sa teach; agus
- níos mó tuisceana faoi dhátheangachas praiticiúil sa timpeallacht teaghlaigh a chur chun cinn.

Is é seo a bheidh i gceist leis sin, i dtéarmaí praiticiúla:

- cur le feasacht i measc tuismitheoirí, daoine a bheidh ina dtuismitheoirí amach anseo, agus i measc an phobail tríd is tríd faoi bhuntáistí an dátheangachais;
- tacú le hathrú patrúin teanga teaghlach ina labhraíonn tuismitheoir amháin Gaeilge d'fhonn cur leis an líon leanaí a labhraíonn idir Ghaeilge agus Bhéarla sa bhaile; agus

- na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas a chur in iúl ina gcuid oibre ó lá go lá do na soláthraithe seirbhísí sóisialta agus sláinte a chuireann comhairle ar thuismitheoirí nua.

Tá go leor taithí i ndlínsí eile, lena n-áirítear an Bhreatain Bheag agus Tír na mBascach, maidir le tacaíocht do thuismitheoirí a bhíonn ag tógáil clainne le dhá theanga. Agus muid ag tógáil ar an taithí in Éirinn, ó thaobh tacú le gréasáin de theaghlaigh a labhraíonn Gaeilge ach go háirithe agus ó thaobh tacaíocht teanga a chur ar fáil do leanaí i scoileanna Gaeltachta, agus ag tógáil ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta, socrófar raon beart praiticiúil d'fhonn tacú leis an nGaeilge a tharchur sa teaghlach:

- Leathnófar Scéim na gCúntóirí Teanga atá ag feidhmiú i scoileanna Gaeltachta chuig gach gaelscoil;
- Tabharfaimid tacaíocht níos fearr do ghréasáin de theaghlaigh a labhraíonn Gaeilge ag an leibhéal áitiúil;
- Tacóimid le cláir chun cuidiú le seantuístí agus le daoine scothaosta eile an teanga a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile;
- Socrófar deiseanna foghlama teanga a bheidh dírithe d'fhonn cuidiú le teaghlaigh nach labhraíonn ach tuismitheoir amháin iontu an Ghaeilge;
- Cuirfidh na Coláistí Samhraidh Gaeltachta níos mó béime ar thaithí foghlama teanga do theaghlaigh chun gur féidir gréasáin ina n-úsáidtear an Ghaeilge go nádúrtha a chur chun cinn trí mheicníochtaí ina leanfar leo sin i measc teaghlach agus grúpaí cairde nuair a bhíonn an tréimhse sa Choláiste Samhraidh thart;
- Cuirfimid le feasacht faoi na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas in obair phríomhshrutha gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta a bhíonn ag obair le teaghlaigh óga; agus
- Is é Údarás nua na Gaeilge agus na Gaeltachta a chomhlíonfaidh feidhmeanna na gcoistí contae cúram leanaí sa todhchaí maidir leis an earnáil réamhscolaíochta ar fud an Stáit.

6.4 - RÉIMÍS GNÍMH - RIARACHÁN, SEIRBHÍSÍ AGUS POBAL

Tá na gníomhartha atá beartaithe i réimse an riaracháin, seirbhísí agus pobail leagtha amach chun tacú le go mbainfear amach cumas, deiseanna agus dearthaí a chuideoidh le leathnú na Gaeilge. Tá cúig chuspóir i *Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006* maidir leis na réimsí sin:

Cuspóir 3: *Tabharfar spreagadh agus tacaíocht do phobal na Gaeilge sa Ghaeltacht agus lasmuigh de, an Ghaeilge a thabhairt don chéad ghlúin eile mar theanga theaghlaigh. Chuige sin, cuirfear réimse leathan seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge.*

Cuspóir 8: *Leanfar leis an tacaíocht a thugann an Stát d'Fhoras na Gaeilge de réir an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999.*

Cuspóir 11: *Leanfar le treisiú na hoibre atá ar bun ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus ag na gníomhaireachtaí a thagann faoina scáth chun an Ghaeilge a chur chun cinn go náisiúnta agus chun í a threisiú sa Ghaeltacht.*

Cuspóir 12: *Leanfar agus déanfar forbairt ar úsáid na Gaeilge sa Gharda Síochána agus sna Fórsaí Cosanta.*

Cuspóir 13: *Aithníonn an Rialtas an ról fíorthábhachtach atá ag an earnáil dheonach Ghaeilge agus leanfar ag tabhairt tacaíochta di.*

Athruithe Struchtúrtha

Déanfar líon athruithe móra struchtúrtha:

- Tabharfar reachtaíocht nua isteach d'fhonn Údarás nua na Gaeilge agus na Gaeltachta a bhunú, a mbeidh freagracht air as gnóthaí Gaeilge ar fud an Stáit;
- Leanfar de bheith ag tacú le Foras na Gaeilge ó thaobh acmhainní agus tacaíochtaí a chur ar fáil don teanga ag leibhéal uile-Éireann;

- Aithneofar catagóir eile pobail teanga san Acht nua chun soláthar a dhéanamh do spriocionscnamh le pobail/gréasáin nua teanga a fhorbairt lasmuigh den Ghaeltacht. I bpobail uirbeacha is mó a bheidh siad sin, pobail a bhfuil an mhais chriticiúil riachtanach de thacaíocht Stáit agus pobail acu don Ghaeilge;
- Agus aitheantas á thabhairt don ghá atá le níos mó comhoibrithe idir rialtas áitiúil agus rialtas náisiúnta agus idir na hearnálacha éagsúla ó thaobh sholáthar seirbhísí éifeachtacha comhtháite, oibreoidh na páirtithe leasmhara cuí i gcomhar lena chéile d'fhonn seirbhísí comhroinnte nua a mbeidh an saineolas cuí acu a fhorbairt do na limistéir Ghaeltachta sa réimse pleanála; agus
- Déanfar breithniú ar chomh hindéanta agus a bheidh sé go gcuirfidh Údarás nua na Gaeilge agus na Gaeltachta, ar bhonn gníomhaireachta, feidhmeanna trí Ghaeilge i gcrích do chomhlachtaí poiblí eile, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht.

Bearta don Ghaeilge sa tSeirbhís Phoiblí

Ní mór cláir feasachta teanga agus cláir oiliúna teanga a fhorbairt agus a neartú chun go mbeadh cion níos mó d'fhoireann na seirbhíse poiblí in ann go fírinneach feidhmiú i nGaeilge agus in ann seirbhísí a sholáthar i nGaeilge do chustaiméirí a bhíonn á n-iarraidh sin. Ceapfaidh an Roinn Airgeadais agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí socruithe cuí d'fhonn cur leis an gcohort seirbhíseach poiblí atá in ann feidhmiú go dátheangach. Bunófar na socruithe sin de réir a chéile, ag aithint na srianta atá faoi láthair ar earcaíocht chuig an earnáil poiblí. Mar thaca leo sin, déanfar forbairt ar chóras creidiúnaithe caighdeánbhunaithe neamhspleách d'inniúlacht Gaeilge sa tseirbhís poiblí laistigh den chreat oibre cáilíochtaí náisiúnta foriomlán atá ann faoi láthair. Dearfar agus tairgfear Diplóma Náisiúnta sa Dátheangachas agus i gCleachtas Teanga d'fhonn cuidiú le seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar don phobal i mBéarla agus i nGaeilge.

Tá glactha ag Acht na dTeangacha Oifigiúla leis an "scéim teanga" mar an lár-ionstraim trína soláthrófar seirbhísí dátheangacha. Sonróidh scéimeanna teanga amach anseo na poist laistigh d'eagraíocht a mbeidh cumas sa Ghaeilge riachtanach dóibh.

Tionscnaimh agus Pleananna Teanga Áitiúla Iasmuigh den Ghaeltacht

Mhol *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* go dtabharfaí aitheantas do chineálacha sonracha pobal teanga sa Ghaeltacht a ndéanfaí sprioc-idirghabhálacha pleanála teanga cuí a cheapadh dóibh. Is dóigh leis an Rialtas go bhfuil sé cuí go ndéanfaí cineál nua “Ghaeltacht gréasáin” a aithint san Acht nua. Tabharfaidh an chatagóir nua sin deis do sprioc-tionscnaimh phleanála teanga forbairt a dhéanamh ar phobail/ghréasáin teanga nua lasmuigh den Ghaeltacht. I bpobail uirbeacha, a bhfuil mais chriticiúil bhunúsach tacaíochta pobail agus Stáit iontu don Ghaeilge, nithe mar shaoráidí cúram leanaí trí Ghaeilge, gaelscoileanna, oideachas dara leibhéal trí Ghaeilge, clubanna óige Gaeilge agus seirbhísí eile lena n-áirítear grúpaí máithreacha agus mamailíneach, seirbhísí creidimh i nGaeilge, a bheidh siad sin. Bainfidh critéir shonracha a fhorbrófar don chatagóir sin le dearthaí poiblí, cumas teanga, soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge agus an toil a bheith rannpháirteach go gníomhach i dtionscnaimh Ghaeilge.

Tabharfaidh an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus Údarás nua na Gaeilge agus na Gaeltachta tacaíocht do na pleananna teanga sin. Beidh tacaíocht ar fáil freisin ó oifigigh Ghaeilge atá fostaithe ag údarais áitiúla agus ó shaineolaithe eile i gcomhlachtaí atá ann cheana féin.

Is é an aidhm a bheidh le plean gnímh áitiúil muintir na háite agus grúpaí pobail/deonacha a thabhairt le chéile le húsáid na Gaeilge a éascú sa cheantar. Déanfar sin trí chomhordú a mhéadú agus trí fheasacht an phobail ar na gníomhaíochtaí atá ar siúl a mhúscailt. Beidh sé i gceist beocht na Gaeilge sa cheantar áitiúil a mhapáil agus a aithint. Anuas air sin, beidh próiseas iniúchta teanga a aithneoidh laigí agus láidreachtaí leanúnacha agus a sholáthróidh fianaise amshraithe den tionchar a bheadh ag polasaithe a bhaineann le teanga agus leasuithe ar úsáid iarbhír teanga. Déanfar na pleananna sin a chomhtháthú le Pleananna Teanga Contae agus áireofar leo ionaid shóisialta agus ionaid acmhainní a fhorbairt.

Is é cuspóir fadtéarmach na pleananna gnímh áitiúla:

- coinníollacha sóisialta a chruthú a chothóidh dearthaí dearfacha i leith na Gaeilge agus a chuirfidh lena húsáid go ginearálta;
- úsáid na Gaeilge a normalú mar mheán do chumarsáid shóisialta agus institiúide;
- béim a chur ar an dlúthbhaint idir teanga agus dearthaí faoi shaincheisteanna i ndáil le caighdeán maireachtála, an timpeallacht agus an geilleagar áitiúil.

Ceann de na príomhróil a bheidh ag pleananna Gaeilge áitiúla ná foghlaim agus deiseanna úsáide a chothú i scoileanna agus idir scoileanna agus i ngníomhaíochtaí áineasa, trádála, leabharlainne agus pobail. Tabharfaidh an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus Údarás nua na Gaeilge agus na Gaeltachta faoi ról gníomhach éascaithe ó thaobh tacú le gníomhaíochtaí a bheidh Gaeilge-láraithe agus a dhéanfaidh nasc idir foghlaim teanga ar scoil agus réimsí gaolmhara cultúir, áineasa, trádála agus gníomhaíochtaí fiontraíochta/fiontair. Déanfar gníomhaíochtaí a bhaineann le hoideachas do dhaoine fásta, le hoideachas leanúnach agus ar feadh an tsaoil agus le hoiliúint a chuimsiú le gníomhaíochtaí comhtháthaithe ceantair áitiúil chun tionscnaimh a thugann tacaíocht don Ghaeilge a leathnú ó réimeanna na scoile agus an phobail go litearthacht do dhaoine fásta, cláir áineasa agus cláir gairmoiliúna.

Áireofar le tionscnaimh áitiúla teanga bunú “ionaid ilfhreastail phobail” chun:

- comhairle a chur ar thuismitheoirí nua ar mian leo a gcuid leanaí a thógáil leis an dá theanga;
- treoir a thabhairt faoi raon na ndeiseanna oideachais trí mheán na Gaeilge atá ar fáil;
- cuidiú le heagraíochtaí poiblí agus deonacha ar mian leo cur leis an méid úsáide a bhaineann siad as an nGaeilge; agus
- spreagadh a thabhairt do ghnóthais ar mian leo seirbhís dhátheangach a thairiscint dá gcuid custaiméirí.

D’fhéadfaí gníomhaíochtaí a dhíriú ar dheiseanna foghlama agus sóisialta a sholáthar nó a fheabhsú chun cur ar chumas leanaí agus daoine óga a gcuid Gaeilge a úsáid lasmuigh den seomra ranga i raon gníomhaíochtaí cultúir, sóisialta, áineasa agus spóirt.

Pleananna Teanga Contae

Ceanglófar ar gach contae ina bhfuil Gaeltacht ainmnithe, lena n-áirítear ceantair ina bhfuil “Gaeltacht gréasáin”, Pleananna Teanga Contae a ullmhú agus a fheidhmiú. Áireofar le gach plean díobh sin tionscnaimh a bheidh dírithe ar chéatadán agus líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge gach lá a mhéadú gach bliain trí spriocionscnaimh shonraithe a chur i bhfeidhm sa chontae sin. Déanfaidh na páirtithe leasmhara na bearta sin a chur i bhfeidhm le cúnamh ó shaineolaithe pleanála teanga. Nuair a bheidh measúnú déanta air, d’fhéadfaí an cur chuige seo a leathnú go dtí contaetha eile.

Plean Teanga do Chomhairlí Cathrach agus Contae Bhaile Átha Cliath

Tá cónaí ar líon mór daoine a labhraíonn Gaeilge gach lá i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus sa cheantar mórthimpeall air. Baineann tábhacht mhór shiombalach leis an nGaeilge sa phríomhchathair, ó thaobh mhuintir na hÉireann agus cuairteoirí a thagann go Baile Átha Cliath le haghaidh gnó nó le haghaidh áineasa. Déanfar mórphlean do chur chun cinn na Gaeilge i gCathair Bhaile Átha Cliath agus sa cheantar mórthimpeall air a fhorbairt agus a fheidhmiú sa chéad tréimhse de Chéim Feidhmithe II. Is é príomhspríoc an phlean sin an méid daoine a labhraíonn Gaeilge i mBaile Átha Cliath a mhéadú bliain ar bhliain tríd an teanga a dhéanamh níos feiceálaí agus trí chur leis na deiseanna atá ann an teanga a úsáid go nádúrtha ó lá go lá sa chathair.

Ról Tábhachtach na hEarnála Deonáí

Beidh ról tábhachtach ag an earnáil dheonach áitiúil ó thaobh forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh agus ar phleananna teanga áitiúla. Tá sé tábhachtach mar sin go n-éistfí leis an earnáil agus go dtabharfaí deis di cur le polasaí ag an leibhéal áitiúil, agus go dtabharfaí tacaíocht do ghrúpaí atá ag iarraidh plé leis an teanga ag an leibhéal áitiúil agus ag an leibhéal náisiúnta ar bhealach a théann le haidhmeanna agus le hábhar na Straitéise.

Tá an Ghaeilge mar chuid lárnach d’éiteas eagraíochtaí deonacha náisiúnta cosúil le Cumann Lúthchleas Gael agus Comhaltas Ceoltóirí Éireann. Aithníonn an Rialtas an príomhról atá acu ó thaobh chur chun cinn na teanga de. Déanfaidh an Rialtas an tacaíocht a chuireann sé ar fáil do na heagraíochtaí sin chun

cuidiú leo an teanga a chur chun cinn a fhorbairt agus a threisiú. D’fhéadfadh ról lárnach a bheith ag eagraíochtaí deonacha spóirt agus cultúir eile ó thaobh úsáid na Gaeilge lasmuigh den seomra ranga a chur chun cinn. Oibreoidh an Rialtas go forghníomhach leis na heagraíochtaí sin chun leas a bhaint as an gcumas atá ag a gcuid gníomhaíochtaí spóirt agus cultúir pobalbhunaithe cuidiú go mór leis an Straitéis.

Faoi láthair cuireann an Stát maoiniú ar fáil do roinnt mhaith eagraíochtaí Gaeilge éagsúla. Tabharfar faoi chur chuige níos comhtháite “ón gliabhán go seanaois” trí atheagrú mór a dhéanamh ar eagraíochtaí teanga a fhaigheann maoiniú ón Stát chun seirbhísí cuimsitheacha tacaíochta teanga a sholáthar ar bhonn ceantair.

Ionaid Fhisiciúla Acmhainní

Déanfar ionaid acmhainní tiomanta a fhorbairt i lár Bhaile Átha Cliath agus in áiteanna móra uirbeacha eile. D’fhéadfaí spás amharclainne, siopaí caifé agus bialanna, siopaí leabhar, oifigí d’eagraíochtaí Gaeilge, ionaid idirlín, ábhair a bhaineann leis an stair, seomraí cruinnithe agus comhdhála, áiteanna taispeána, agus aonaid do ghnólachtaí nua-thionscanta a bhaineann le forbairt agus taighde a chur ar fáil sna hionaid sin. In áiteanna eile, úsáidfear na hionaid acmhainní atá ann cheana féin, lena n-áirítear na hionaid acmhainní réigiúnacha a bhunaigh Comhaltas Ceoltóirí Éireann le cabhair ó mhaoiniú poiblí agus ionaid a bhíonn á reáchtáil ag comhlachtaí eile cultúrtha, spóirt agus forbartha áitiúla, chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus chun gníomhaíochtaí Gaeilge a chur ar fáil, le comhaontú an chomhlachta i gceist.

An Garda Síochána agus na Fórsaí Cosanta

Ní mór stádas na Gaeilge sa Gharda Síochána agus sna Fórsaí Cosanta a chothabháil agus a fhorbairt, toisc tábhacht shiombalach na bhfórsaí sin sa saol náisiúnta agus toisc na seirbhísí a sholáthraíonn siadsan, go háirithe an Garda Síochána, don phobal. Déanfar tuilleadh forbartha ar bhearta atá á gcur i bhfeidhm cheana féin faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla chun an Ghaeilge a neartú mar theanga oibre inmheánach sa Ghaeltacht agus in aonaid ina labhraítear an Ghaeilge, mar theanga trína gcuirtear seirbhísí ar fáil don phobal agus mar theanga atá tábhachtach ó thaobh ról siombalach an Gharda Síochána agus na Fórsaí Cosanta sa saol náisiúnta agus ar ócáidí stáit.

6.5 RÉIMSÍ GNÍMH - NA MEÁIN AGUS AN TEICNEOLAÍOCHT

Tá cuspóir amháin i *Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006* maidir leis na meáin agus an teicneolaíocht:

Cuspóir 9: *Déanfar cinnte de go bhfuil seirbhísí cuimsitheacha craolacháin ar ardchaighdeán ar fáil trí mheán na Gaeilge, go mór mhór trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar RTÉ, ar Raidió na Gaeltachta agus ar TG4.*

Go Ginearálta

Tá an Ghaeilge san aonú haois is fiche ag forbairt ar bhealaí nua cheana féin. Ní réimeanna scartha iad earnálacha traidisiúnta an oideachais, an phobail, na n-ealaíon agus na meán a thuilleadh ina bhféadfar polasaithe ar leithligh a cheapadh agus a fheidhmiú. Tá teangacha a bhíodh faoi mhíbhuntáiste roimhe seo toisc an bonn pobail scaipthe, i gcaoi mhaith anois le leas a bhaint as deiseanna do nuálaíocht trí theicneolaíochtaí nua cumarsáide agus meán a úsáid. Is ollmhór an cumas atá ag na forbairtí seo cur le hacmhainní sna healaíona agus san oideachas agus deiseanna nua a thabhairt do dhaoine agus do phobail cur lena gcuid eolais ar an nGaeilge agus úsáid rialta a bhaint aisti.

Léamh, Scríobh agus Labhairt

Chun cur le cumas daoine an Ghaeilge a léamh agus a scríobh, tá gá le smaointeoireacht nua a sháraíonn an focal ar phár. Ní mór don pholasáí amach anseo aird a thabhairt ar na deiseanna atá ann naisc a dhéanamh idir forbairtí sna healaíona, sna meáin, sa teicneolaíocht agus san oideachas agus cur chomh maith leis na múnlaí traidisiúnta a úsáidtear chun ábhar a chruthú agus a scaipeadh. Ní mór modhanna traidisiúnta agus nuálacha araon a úsáid chun leas a bhaint as na deiseanna atá ann chun an Ghaeilge a léamh agus a scríobh, lena n-áirítear táirgeadh meán clóite agus litríochta sa teanga, agus úsáid na teanga san oideachas, sa chultúr agus in áineas. Áirítear leo sin modhanna cumarsáide nach mbaineann mórán úsáide as an teanga scríofa. Ba chóir leas a bhaint freisin as na meáin agus as teicneolaíochtaí nua chun méadú ar rannpháirtíocht an phobail i léamh agus i scríobh na Gaeilge ar bhealaí nua agus in áiteanna nua.

Leanfar ar aghaidh ag cur táirgí traidisiúnta cosúil le nuachtáin, irisí agus leabhair ar fáil agus ag tacú leo, nuair is féidir a chruthú agus a fhíorú go bhfuil bealaí dáileacháin éifeachtacha ann agus go mbainfí díolacháin réasúnacha amach. Ní leor tacaíocht a bhaineann go príomha le táirgeadh na n-ábhar aon-mheáin seo a chur ar fáil gan tacaí dáileacháin agus margaíochta a bheith i bhfeidhm agus gan leibhéal réasúnta éilimh ón bpobal a bheith ann. Tá sé riachtanach go mbeidh rochtain éasca ag an bpobal ar ábhair chlóite i nGaeilge i siopaí nuachtán, i siopaí leabhar agus ar an idirlíon má tá todhchaí le bheith ann do litríocht agus d'iriseoireacht chlóite.

Siocair go mbíonn teicneolaíochtaí agus teicnící margaíochta ag fabhrú de shíor, is dócha go dtiocfaidh athrú suntasach ar an straitéis is éifeachtaí chun forbairt a dhéanamh ar léamh agus scríobh na Gaeilge sna blianta amach romhainn agus go gcaithfear athbhreithniú a dhéanamh air go leanúnach. Tacófar le léamh agus le scríobh na Gaeilge le Dhlúthdhioscaí, DVDanna, closleabhair, agus meáin chlóite go gearrthéarmach agus go meántéarmach trí na bearta seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- forbairt a dhéanamh ar imeachtaí agus ar ghníomhaíochtaí litríochta i leabharlanna poiblí ar feadh na bliana (agus ní le linn Sheachtain na Gaeilge amháin) - saothair á léamh ag a n-údair, seoltaí, clubanna léitheoireachta agus éisteachta agus cláir litríochta do scoileanna;
- cláir um léitheoireacht threoraithe i scoileanna ag pointí sonracha idirghabhála (e.g. i rang a cúig sa bhunscoil, san idirbhliain in iar-bhunscoileanna agus i gColáistí Samhraidh Gaeilge, áit a mbeadh éisteacht le leabhair agus léamh leabhar agus ábhar eile i nGaeilge faoi stiúir údair nó criticeora le tacú le nósanna léitheoireachta aonair a fhorbairt);
- ábhair nua sa Ghaeilge a chur ar taispeáint go feiceálach i siopaí leabhar ainmnithe, roghnaithe atá mór le rá in éineacht le hábhair chuí fógraíochta, seastáin, leabharmharcanna, imeachtaí fógraíochta, taispeántais fuinneoige agus cuairteanna ó údair a réachtáil (le comhoibriú agus le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí poiblí cuí más gá);
- forbairt a dhéanamh ar chóras bainistíochta nua-aimseartha ar líne chun stoc agus orduithe a bhainistíodh an phríomhghníomhaireacht dáileacháin do Dhlúthdhioscaí / DVDanna / leabhair i nGaeilge, trína bhféadfaí orduithe a dhéanamh go leictreonach 24/7 agus lena bhféadfaí díoltóirí leabhar, foilsitheoirí Gaeilge agus daoine aonair a mbeadh ordú déanta acu iad a rianú;

- forbairt a dhéanamh ar shiopa mealltach ar líne d'ábhair Ghaeilge a léireoidh teidil, údair, léirmheasanna, blaganna agus acmhainní eile nua, a d'fhéadfaí a úsáid freisin i scoileanna agus i ranganna do dhaoine fásta a bhíonn ag foghlaim na teanga;
- cur chun cinn agus forbairt clubanna leabhar i nGaeilge a bheith mar thosaíocht ag tionscnaimh áitiúla teanga agus tacaíocht chúil ar líne a sholáthar do chlubanna leabhar;
- forbairt a dhéanamh ar ionad nó spás fisiciúil Gaeilge amháin ar a laghad i mBaile Átha Cliath, ina mbeadh siopa leabhar/ Dlíúthdhioscaí/DVDanna, ina réachtálfaí clár d'imeachtaí litríochta agus ina gcuirfí saoráidí mar shiopa caife ar fáil le go bhféadfadh teaghlaigh agus daoine aonair casadh lena chéile ann;
- forbairt a dhéanamh ar chúram RTÉ agus TG4 ó thaobh litríochta a chur chun cinn, lena n-áireofaí príomhról a ghlacadh i nduaiseanna litríochta, cláir leabhar, údair a phróifiliú chun iad a dhéanamh níos feiceálaí agus chun cur lena stádas sna meáin chumarsáide agus naisc níos láidre a chothú idir scríobh do na meáin agus foilseachán leabhar mar ghníomhaíochtaí "comhlántacha";
- forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh le scríobh i nGaeilge a chothú i measc daoine óga i raon meán - iriseoireacht, blagáil, scríbhneoireacht chruthaitheach, drámaíocht agus scrípteanna scannán.

Tabharfar spreagadh agus tacaíocht d'Oireachtas na Gaeilge, príomhfhéile náisiúnta na Gaeilge, le go dtiocfaidh bláth uirthi. Ní mór bainistiú cúramach a dhéanamh áfach lena chinntiú go bhfásfaidh an fhéile go horgánach agus gur féile Ghaeilge a bheidh inti i gcónaí.

Déanfaidh RTÉ, an craoltóir náisiúnta seirbhíse poiblí, normalú ar úsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ina gcuid craoltaí, rud a chuirfidh le rath Sheachtain na Gaeilge. Leanfaidh RTÉ ag forbairt Raidió na Gaeltachta agus ag tabhairt tacaíochta dó lena chinntiú go soláthrófar speictream leathan clár ar ardchaighdeán do na pobail sin a bhíonn ag éisteacht leis an tseirbhís seo.

Déanfar forbairt ar raidió a bheidh dírithe ar dhaoine óga trí leas a bhaint as an idirlíon agus as gnáthchraoladh raidió.

Tabharfar tuilleadh tacaíochta do TG4 le seirbhísí teilifíse trí Ghaeilge a chur ar fáil. Tá sprioc nua de 6 uair an chloig sa lá de sceideal

Gaeilge ag TG4 i gcomparáid leis an sceideal reatha de 4.58 uair an chloig sa lá. Teastaíonn a dhóthain maoinithe ó TG4 lena théarmaí tagartha reachtúla a chomhlíonadh agus a sciar den mhargadh a choinneáil mar chomhlacht reachtúil neamhspleách i margadh atá ag éirí níos iomaíche i gcónaí.

Cinntoidh forbairt leanúnach TG4 freisin go leanfaidh an earnáil léirithe neamhspleách sa Ghaeltacht de bheith ag soláthar deiseanna fostaíochta éagsúla.

Leagann an tAcht Craolacháin 2009 creat oibre amach do RTÉ agus do TG4 do na blianta atá amach romhainn.

Leagann alt 25 den Acht Craolacháin 2009 oibleagáid ar Údarás Craolacháin na hÉireann oibriú lena chinntiú:

maidir leis an líon agus leis na hearnálacha seirbhíse craolacháin a chuirfear ar fáil sa Stát de bhua an Achta seo gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, ag cur a dteangacha agus a dtraidisiúin agus a n-éagsúlacht reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh,

agus oibleagáid chun:

forbairt clár agus seirbhíse craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

Cuireann roinnt mionathruithe sonraithe ar an gcreat reachtaíochta sin le stádas na Gaeilge trí ghníomhaíochtaí na ggraoltóirí seirbhíse poiblí. Áirítear orthu sin:

- muirir, téarmaí agus coinníollacha níos fabhraí a cheadú i ndáil le scéimeanna cartlainne ag craoltóirí seirbhíse poiblí do chraoltaí Gaeilge;
- ardú ar an leithroinnt d'airgead na dtáillí ceadúnais ó RTÉ go dtí an Scéim Chistíochta Craolacháin (ó 5% go 7%), as a bhfuil TG4 ar cheann de na príomhthairbhíthe;
- leanúint ar aghaidh leis an "uair an chloig in aisce" de theilifís Gaeilge ó RTÉ go TG4 (ar fiú thart ar €10 milliún é);
- dualgas RTÉ i leith na Gaeilge a dhoimhniú;
- cláir Ghaeilge saor anois ó shrian an "bhuaic-ama" i gcás mhaoiniú an Scéim Chistíochta Craolacháin;

- tugadh cumhachtaí sonracha do TG4 le seirbhísí ar líne neamhlíneacha a sholáthar i nGaeilge; agus
- breithneoidh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha riachtanais mhaoinithe ilbhliantúla TG4.

Ó thaobh chomhlíonadh na n-oibleagáidí a thagann as an Acht Craolacháin, cinnteoidh an Rialtas go sonrach go neartófar tuilleadh an tacaíocht a thugtar do sheirbhísí Gaeilge na gcráoltóirí seirbhíse poiblí.

Cuirfear go mór leis na roghanna fotheidealaithe le rogha a thabhairt idir fotheidil i nGaeilge, i mBéarla nó sa dá theanga, nó gan fotheideal ar bith agus ar an mbealach sin daingneofar go mór an rochtain ar TG4 a bheidh ag foghlaiméirí agus ag lucht úsáide na Gaeilge nach bhfuil líofa chomh maith le cainteoirí líofa.

Rinneadh foráil i gComhaontú Aoine an Chéasta go n-oibreodh Rialtas na Breataine leis na húdarais chraolacháin chuí in Éirinn agus sa Bhreatain le go mbeadh “fáil leathan” ar TG4 i dTuaisceart Éireann. Leanfaidh an Rialtas ag obair le húdarais chuí na Breataine lena chinntiú go mbainfear sin amach i gcomhthéacs an athraithe go teilifís dhigiteach faoi 2012.

Déanfar gach tionscnamh Gaeilge lena mbaineann dualgas sonrach i leith na n-ealaíon, lena n-áirítear drámaíocht agus na healaíona traidisiúnta, a phleanáil agus a fhorbairt mar chuid de straitéis ealaíon lárnach idir an Roinn Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus an Roinn Turasoireachta, Cultúir agus Spóirt i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Iarrfaidh an Rialtas go mbeidh an Ghaeilge san áireamh i ngach clár TFC a fhorbróidh an AE. Oibreoidh sé go gníomhach freisin le mórsholáthraí TF le ríomhchláir TF sa Ghaeilge a cheadúnú agus a dháileadh. Déanfar forbairt ar straitéis TF le téarmaíocht TF agus acmhainní foclóireachta; logánú agus feidhmchláir foinsí oscailte; airíonn comhéadain agus teanga inmhalartaithe; fearais chruthaithe ábhair bhreise le cur le seiceálaithe litrithe agus foclóirí leictreonacha; marcóirí diaicritice; leathanaigh ghréasáin ilteangacha; téarmaíocht d’aistriúchán ríomhaire; córais bhainistíochta ábhar/doiciméad ilteangach; saincheistanna agus corpais teicneolaíochta teanga;

teicneolaíocht cainte, sintéis cainte, aithint cainte, teicneolaíocht oiriúnaithe agus ceistanna leabaithe; tógáil acmhainne d’úsáideoirí deiridh agus saineolaithe teicneolaíochta; ríomhfhoghlaim agus an Ghaeilge; bogearraí do ghlaio-ionaíd; bunachar sonraí cúil agus dátheangachas/ilteangachas; meiteashonraí; feistí soghluaiste; aithint optúil carachtar; agus aithint lámhscríobh.

Ní mór forbairtí TF den sórt sin a leabú freisin i gcleachtais a bhaineann le hoideachas, i gcleachtais shóisialta agus i gcleachtais a bhaineann leis an obair le go mbeidh siad ina modhanna éifeachtacha chun cumarsáid fheabhsaithe a chur ar fáil.

6.6 RÉIMÍSÍ GNÍMH – FOCLÓIRÍ

Tá roinnt beart i bhfeidhm cheana féin lena chinntiú:

- go ndéanfar foclóirí Béarla-Gaeilge agus Gaeilge-Béarla cothrom le dáta a fhorbairt agus soláthar le hiad a thabhairt cothrom le dáta/le hathbhreithniú a dhéanamh orthu go tréimhsiúil agus le foclóirí níos giorra a bhaint astu;
- go ndéanfar na foclóirí sin a fhoilsiú i gcló agus i bhformáidí leictreonacha;
- go gcruthófar acmhainní corpais agus uirlísí foclóireachta d’fhorbairt foclóireachta Gaeilge, a thacóidh le foclóirí aonteangacha (stairiúla) agus cinn dhátheangacha (comhaimseartha);
- go gcuirfear an Foclóir Gaeilge Stairiúil atá á fhorbairt ag Acadamh Ríoga na hÉireann i gcrích faoi 2037;
- go ndéanfar téarmaíocht nua-aimseartha i nGaeilge a fhorbairt agus a scaipeadh; agus
- go ndéanfar an Caighdeán Oifigiúil do litriú agus do ghramadach na Gaeilge a athbhreithniú go tréimhsiúil.

Leanfar ag déanamh forbairt ar na bearta sin agus ag tabhairt tacaíochta dóibh lena chinntiú go ndéanfar freastal ar riachtanais na teanga sa nua-aois.

Tá Lár-Aonad Aistriúcháin bunaithe sa Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta le straitéis a fheidhmiú ó thaobh Ionstraimí Reachtúla a aistriú. Cuirfidh sé athbhreithniú ar an gCaighdeán Oifigiúil don Ghaeilge i gcrích sa bhliain 2011.

6.7 RÉIMSÍ GNÍMH – REACHTAÍOCHT AGUS STÁDAS

Tá trí chuspóir i *Ráiteas an Rialtais i leith na Gaeilge 2006* maidir le reachtaíocht:

Cuspóir 1: *Seasfar leis an stádas faoi leith atá ag an nGaeilge sa Bhunreacht agus i ndlíthe na tíre ar nós Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, an tAcht Oideachais 1998, an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus an tAcht Craolacháin 2001.*

Cuspóir 2: *Cuirfear Acht na dTeangacha Oifigiúla i bhfeidhm go hiomlán. Forbrófar cearta an phobail an Ghaeilge a úsáid agus iad ag plé leis an Stát agus le dreamanna eile agus déanfar socruithe cuí chun é seo a chur i bhfeidhm.*

Cuspóir 10: *Tabharfar gach cúnamh agus tacaíocht don Aontas Eorpach i bhfeidhmiú an chinnidh an Ghaeilge a bheith ina teanga oibre agus ina teanga oifigiúil san AE ón 1 Eanáir 2007.*

Seasamh Dlí

Luaitear an Ghaeilge i roinnt mhaith píosaí reachtaíochta a d'achtaigh Rialtais éagsúla i ndiaidh a chéile ó bunaíodh an Stát. Tugadh éifeacht do stádas na Gaeilge i mBunreacht na hÉireann mar an chéad teanga oifigiúil agus teanga náisiúnta in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá gach foráil de chuid an Achta i bhfeidhm.

Stádas AE

Tá stádas teanga oibre agus teanga oifigiúil de chuid an AE ag an nGaeilge ón 1 Eanáir 2007 i leith. Tugann an comhaontú ar thabhairt isteach an stádas sin maolú d'institiúidí an AE ón oibleagáid gach dlí agus téacs de chuid an AE a aistriú go Gaeilge faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúla ar an ngá leanúint leis an maolú sin. Oibreoidh an Rialtas chun na himthosca a chruthú ina mbeidh go leor céimithe cáilithe ar fáil le freastal ar riachtanais earcaíochta an AE le go bhféadfar deireadh a chur leis an maolú sin le linn ré na Straitéise seo.

Reachtaíocht Nua

Mar a dúradh thuas, déanfar reachtaíocht nua a achtú le héifeacht a thabhairt do na gníomhartha atá leagtha amach sa Straitéis seo lena n-áirítear:

- sainmhíniú nua a dhéanamh ar an nGaeltacht bunaithe ar chritéir theanga; agus
- reachtaíocht Údarás na Gaeltachta a aisghairm agus Údarás nua na Gaeilge agus na Gaeltachta a bhunú.

Tuaisceart Éireann

Mar a tugadh ar aird thuas, leanfaidh an Rialtas ag obair freisin le go gcuirfear tiomantais ó thaobh na Gaeilge a bhaineann le Rialtas na Breataine agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann i bhfeidhm ina n-iomláine, lena n-áirítear Acht Teanga don Ghaeilge a thabhairt isteach agus an Ghaeilge a fheabhsú, a chosaint agus a fhorbairt i dTuaisceart Éireann.

6.8 RÉIMSÍ GNÍMH – AN SAOL EACNAMAÍOCHTA

Scéimeanna Deonacha Teanga

Tabharfar isteach Scéimeanna Gaeilge san earnáil phríobháideach ar bhonn deonach, a bhunófar ar na Scéimeanna Teanga don earnáil phoiblí a ndearnadh foráil dóibh in Acht na dTeangacha Oifigiúla. Is é an aidhm a bheith léi spreagadh a thabhairt do chuideachtaí san earnáil phríobháideach ar mór acu éagsúlacht teanga go ginearálta agus an Ghaeilge ach go háirithe, agus ar mian leo a bheith páirteach sa chlár náisiúnta um sheirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon. Déanfar tionscnaimh eiseamláireacha a bhaineann le tacaíocht a thabhairt don Ghaeilge a aithint go poiblí agus a cheiliúradh.

Lipéadú agus Pacáistiú Dátheangach

Féachfaidh an Rialtas an bhféadfaí cód deonach a thabhairt isteach do lipéadú agus do phacáistiú dátheangach i gcás gach earra a dhíoltar in Éirinn. D'fhéadfaí an gníomh sin a úsáid mar mheicníocht chun forbairt a dhéanamh ar raon na réimsí inar féidir le daoine Gaeilge a roghnú mar theanga tráchtála.

Gníomhaíocht Eacnamaíochta

Bunófar sraith tionscnamh agus tacaí Stáit le fiontraíocht agus gníomhaíocht eacnamaíochta a spreagadh i measc an phobail a labhraíonn Gaeilge ar bhonn cuideachta, earnála nó áitiúil. Beidh trí chuid i gceist leis an gcur chuige sin:

- Fiontraíocht a spreagadh trí chlár oiliúna, trí chothú gnó, trí chuideachtaí campais agus trí ghréasáin eacnamaíochta a chruthú;
- Tacaíocht a thabhairt do gheilleagar teanga a bheidh ar a chumas na seirbhísí riachtanacha a sholáthar don Stát agus don AE i réimsí cosúil le haistriú, ateangaireacht, múineadh teanga, foilsíú, comhchomhairle teanga agus bainistiú tionscadal, agus an geilleagar sin a fhorbairt. Áireofar ar na bearta tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí nua-thionscanta, seirbhísí meantóireachta a chur ar fáil, táirgí a fhorbairt, comhairle a thabhairt faoi mhargaíocht agus faoi chur chun cinn, agus seirbhísí forbartha bainistíochta; agus
- Éire a shocrú mar cheannródaí ó thaobh réitigh teicneolaíochta a chur ar fáil chun seirbhísí ilteangacha a sholáthar ar bhonn costas-éifeachtach.

Déanfaidh Údarás nua na Gaeilge agus na Gaeltachta éascaíocht freisin do chruthú Cumann Tráchtála don Ghaeltacht agus gnóthaí eile trí Ghaeilge. Tabharfaidh an Cumann tacaíocht do ghnóthaí a sholáthraíonn seirbhísí trí Ghaeilge nó a oibríonn trí Ghaeilge agus déanfaidh sé feasacht a mhúscailt i measc an phobail ghnó faoin nasc idir an teanga agus forbairt eacnamaíochta, lena n-áirítear an nasc idir leas eacnamaíochta na Gaeltachta agus stádas na teanga sna ceantair sin, agus an tábhacht a bhain leis an teanga ó thaobh rath cuideachtaí aonair.

6.9 TIONSCNAIMH LEATHANA

Tabharfar faoi roinnt tionscnamh ar fud na réimsí gnímh go léir atá leagtha amach cheana féin.

Meitheal Smaointe

Ceapfar meitheal smaointe de smaointeoirí cruthaitheacha agus de nuálaithe ar bhonn ad hoc ó am go chéile le cineálacha nua cur chuige i dtaobh chothabháil agus chur chun cinn na teanga a fhorbairt agus le forbairtí san earnáil TFC a chur chun cinn.

Suíomh Tairsí

Déanfar forbairt ar shuíomh tairsí i nGaeilge. Déanfar é a leagan amach chun go mbeidh teacht oscailte éasca ag daoine ar gach ábhar agus acmhainn don Ghaeilge agus sa Ghaeilge, lena n-áirítear ábhair ríomhfhoghlama, foilseacháin, meáin, téarmaíocht, logainmneacha, foilseacháin acadúla, líonraí teanga, foinsí digitithe, agus líonraí sóisialta agus gairmiúla.

Ról an AE ó thaobh na Gaeilge de

Cinntoidh an Rialtas go ndéanfar an Ghaeilge, mar theanga oifigiúil oibre, a chur san áireamh i ngach clár taighde agus forbartha AE agus intíre agus i gclár forbartha i réimsí mar phróiseáil teanga nádúrtha, foghlaim teanga agus teicneolaíochtaí teanga. Áirítear ar na réimsí nach mór forbairt a dhéanamh orthu aistriúcháin uathoibríoch leictreonach, aithint optúil carachtar, teicneolaíocht chainte, clár foghlama teanga, agus aithint cainte. Bainfidh an Ghaeilge leas freisin as na hardáin atá forbartha cheana féin trí chlár taighde agus forbartha do theangacha eile.

Clár Digitithe

Cruthófar clár náisiúnta mar chuid de chomóradh Éirí Amach 1916 le saothair mhóra Ghaeilge lena mbaineann tábhacht náisiúnta a dhigitíú le súil go mbeidh teacht níos éasca orthu trína bhfoilsíú ar líne. Cuirfidh sé seo leis an obair atá ar siúl cheana féin ag an Irish Script on Screen agus an Digital Humanities Observatory. Tá an Ghaeilge ina hinspioráid ag roinnt mhaith foirmeacha ealaíon nua-aimseartha lena n-áirítear litríocht, ceol agus amharclannaíocht. Níl teacht éasca ar chuid mhaith de na lámhscríbhinní is tábhachtaí, áfach, mar go bhfuil siad coinnithe i dtaisclanna in áiteanna éagsúla ar fud an domhain agus mar go bhfuil saothair thábhachtacha eile as cló. Fágfaidh an clár seo go mbeidh teacht lárnach ar ábhair Ghaeilge atá á gcoinneáil i gcartlanna, i dtaisclanna, i leabharlanna agus in ollscoileanna ar fud an domhain.